

Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta | 2017-2021



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



Fís na hÉireann maidir le Bithéagsúlacht

Go ndéanfar bithéagsúlacht agus éiceachórais na hÉireann a chaomhnú agus a athchóiriú, sa chaoi go gcuirfear tairbhí ar fáil atá riachtanach do gach earnáil sa tsochaí agus go dtacóidh Éire le hiarrachtaí chun stop a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachóras san AE agus ar fud an domhain.

Brollach an Aire



Gearrscríobh úsáideach is ea an téarma term “bithéagsúlacht” d’fhoirmeacha uile na beatha ar an domhan – ó na míolta móra go dtí an planctón is lú ar fad, ó chrainn ollmhóra go dtí na fungais is lú san ithir a chuidíonn leis na crainn sin an cothú a fháil atá de dhíth orthu chun maireachtáil agus fás. Is í an bithéagsúlacht suim na milliún speiceas agus gnáthóg ar ár gcruinne ag obair le chéile chun an saol mar is eol dúinn é a ghiniúint agus a chothabháil.

In Éirinn tá an t-ádh orainn go fliúirse an dúlra mórthimpeall orainn. Tacaíonn sé lenár mbeathaí agus saibhríonn sé ár saol, agus tá nasc dlúth agus leanúnach idir mhuintir an oileáin seo agus an fiadhúlra agus na gnáthóga a roinnimid leo é. Cé go gcónaíonn níos mó againn i gcathracha, bailte agus fobhailte, is minic a bhíonn an dúlra i ngaireacht dúinn agus tá an t-ádh ar neart againn dul i dteagmháil leis ar bhonn laethúil. Bíonn neart foirmeacha ar an teagmháil sin: b’fhéidir gurb é an feirmeoir a bhraitheann ar an mbithéagsúlacht chun stoc a thógáil nó chun earraí a fhás, iascairí ag loingseoireacht trí uisce ár gcósta, nó teaghlaigh ag fánaíocht trí spásanna glasa uirbeacha áit a leanann an dúlra de dhul in oiriúint agus maireachtáil i gcroí na gcathracha.

Léiríonn an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta nua do 2017-2021 tiomantas leanúnach na hÉireann do shásamh agus gníomhú i dtaca lena dualgais chun ár mbithéagsúlacht a chosaint chun tairbhe na nglúnta atá ag teacht trí shraith de straitéisí agus gníomhartha spriocdhírthe. Is iarracht choincréideach í ag na daoine sin atá chun tosaigh i gcosaint na bithéagsúlachta in Éirinn chun na dúshláin atá romhainn a shainnigh go soiléir, chun na gníomhartha a dhéanfaimid a leagan amach agus, ina theannta sin, chun gealltanais a dhéanamh maidir le raon leathan de thiomantais uailmhianacha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Ar ndóigh, is ceart go mbeimis uailmhianach lenár spriocanna sa Phlean seo. Tá ár n-uailmhian tuillte ag na glúnta atá ag teacht: go mbeadh mar cheart dúchais acu domhan ina bhfuil, ní hamháin bloic tógála na beatha ann fós, ach go mbíonn rath orthu agus go ngeallann siad gl leanfaidh an beatha ar an domhan seo faoi bhláth. Seo an fócas atá le cosaint na bithéagsúlachta.

Ní tasc éasca é, ach níor chóir dúinn cúlú uaidh toisc nach bhfuil sé éasca. Sa ghearrthéarma cuireann sé iallach orainn díriú ar ghnóthachtáil agus sa fadtéarma tiomáineann sé muid chun bealaí nua a aimsiú le cothromaíocht leanúnach agus inbhuanaithe a aimsiú idir ár saol nua-aimseartha agus an dúlra a cheadaíonn an bheatha sin.

Tá na spriocanna a leagtar amach sa phlean seo suite i gcomhthéacs na seacht gcuspóirí straitéiseacha atá coimeáda ón dara Plean um Bithéagsúlacht Náisiúnta, a bhí i bhfeidhm ó 2011 – 2016. Tá creat soiléir leagtha amach ag na cuspóirí sin d’ár gcur chuige náisiúnta i dtaca leis an mbithéagsúlacht agus má leanaimid ag díriú ar na colúin sin déanfar deimhin de go ndéanfaimid forbairt ar na hiarrachtaí agus gnóthachtálacha sna cúig bliana a chhuaigh thart agus muid ag féachaint ar aghaidh chuig an méid is féidir linn a bhaint amach sna cúig bliana seo atá ag teacht.

Leanfar de phríomhchláir agus tionscadail bithéagsúlachta, a tosaíodh faoin dara Plean, a chur i bhfeidhm ag raon de ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí comhshaoil agus páirtithe leasmhara, Mar shampla, sa bhliain 2016 d’ordaigh mé suirbhé náisiúnta ar chrotach goir. Mar thoradh ar an suirbhé seo, le hionchur suntasach ó Sheirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra mo Roinne chomh maith le Cairde Éanlaith Éireann, agus an pobal i gcoitinne, bunaíodh Tascfhórsa Crotach chun cúlú a dhéanamh ar an meath ar an gcrotach mar speiceas goir in Éirinn. Sa Tascfhórsa tugtar le chéile saineolaithe agus cinnteoirí chun tuilleadh gníomhaíochtaí a dhéanamh don chrotach.

Tá feasacht leanúnach ar an mbithéagsúlacht agus an tábhacht atá léi inár saol ríthábhachtach. Agus an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta againn mar bhunchloch lenár bpolasaí bithéagsúlachta, léirítear na hiarrachtaí reatha chun feasacht a mhéadú agus chun teagmháil dhearfach le gnáthóga agus speicis na hÉireann a spreagadh. Cothaíonn sé an tábhacht atá le raon leathan d'éiceachórais, gnáthóga agus speicis don tsochaí i gcoitinne trí choincheapa na cuntasáíochta nádúrtha agus aitheantas méadaithe ar luach na seirbhísí éiceachórais. Leagann an Díríonn an Plean aird freisin ar an iliomad leasa agus gníomhaíochtaí inár gceantair áitiúla agus sa domhan níos leithne atá ábalta cuidiú leis an mbithéagsúlacht agus, ina dhiaidh sin, an tsochaí i gcoitinne.

Cloch choirnéil den Phlean nua seo is ea an cuspóir chun an bhithéagsúlacht a thabhairt isteach i bpríomhshruth dhéanamh polasaí agus cinnteoireachta. Ag an bpointe seo, ní féidir a mheas nach bhfuil i dtábhacht na bithéagsúlachta ach imní do dhream beag. Tá an fheasacht bithéagsúlachta ina gné lárnach in iarrachtaí níos leithne chun dul i gcomhrac le caillteanas gnáthóg agus speiceas ar fud na cruinne agus chun dul i gcomhrac le tionchair uafásacha an athrú aeráide.

Áiríonn an Plean Náisiúnta seo roinnt tionscnamh uile-oileáin a léiríonn béim chomhroinnte ar an mbithéagsúlacht. Samhlaíonn an Plean comhoibriú feabhsaithe lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann air ar bith is féidir i dtaca le saincheistean coitianta. Tá dóchas agam go leanfaidh an caidreamh den scoth atá idir ár n-údaráis de thairbhe a dhéanamh do phobail agus fiadhúlra ar fud an oileáin. Plean náisiúnta is ea é seo agus braitheann a rath go mór ar iarrachtaí ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ar fud earnálacha éagsúla i sochaí na hÉireann. Ag cuimhneamh air sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don choimhoibriú agus tacaíocht ó chomhghleacaithe sa rialtas agus sa raon leathan de chomhlachtaí Stáit, údaráis áitiúla agus pobail ar fud an tíre a mbíonn ról ríthábhachtach acu chun ár mbithéagsúlacht a chosaint agus feasacht a mhéadú ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir leis an tábhacht a bhaineann lenár ngnáthóga agus speicis a chaomhnú.

Is chun leasa na saoránach uile a bheith ar an eolas faoi thábhacht na bithéagsúlachta inár saol ó lá go lá agus an raon de thairbhí a fhaighimid, ní hamháin ó sheirbhísí éiceachórais ach ó mhaitheas dhúchasach ár dtimpeallachta agus a áiseanna. Tá sé de fhreagracht orainn a bheith ar an eolas faoin mbithéagsúlacht agus cibé bearta is féidir linn a dhéanamh chun cuidiú lena cosaint agus a caomhnú do na glúnta atá ag teacht.

Creidim ó chroí go dtabharfaidh an Plean nua seo neart agus tacaíocht d'ár n-iarrachtaí, agus d'ár ndiongbháilteacht, chun bithéagsúlacht a chosaint agus í a thabhairt isteach i bpríomhshruth ár saoil ó lá go lá. Tá dóchas agam, mar thoradh ar a chur i bhfeidhm thar na cúig bliana seo atá ag teacht ag raon de pháirtithe leasmhara, thar na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus sibhialta de shochaí na hÉireann, agus i gcomhar lenár gcomhghleacaithe ar fud an AE agus sa CBD (Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht), go mbeimid ag teacht le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar neart scéalta ratha agus gnóthachtálacha. Tugann an bhithéagsúlacht tairbhe dúinn uile agus chun leanúint de leas a bhaint as na tairbhí sin ní mór dúinn leanúint de chaidreamh lena chéile, ag obair le chéile chun na bloic tógála sin atá riachtanach don bheatha a thugann sí a dhaingniú, a chosaint agus a chaomhnú.

Heather Humphreys T.D.

Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

Clár Ábhair

BROLLACH AN AIRE	2
-------------------------	----------

Réamhrá	5
----------------	----------

Forléargas ar chuspóirí agus spriocanna	6
Fís na hÉireann don Bithéagsúlacht	8
Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais na Éireann	10
Cúlra polasaí agus reachtaíochta	13
Staid na Bithéagsúlachta in Éirinn	14
Maoiniú do Chaomhnú Bithéagsúlachta	22
Comhghníomhaíocht don Bithéagsúlacht	23
Comhairliúchán agus maoirseacht	24
Monatóireacht agus meastóireacht ar chur i bhfeidhm an PGBN seo	24

Tábla na nGníomhartha

CUSPÓIR 1	Bithéagsúlacht a phríomhshruthú sa phróiseas cinnteoireachta thar gach earnáil	26
CUSPÓIR 2	Neartú a dhéanamh ar an mbonn eolais faoi bhainistiú caomhantais agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta	33
CUSPÓIR 3	Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais	40
CUSPÓIR 4	Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa tuath níos leithne	45
CUSPÓIR 5	Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí	55
CUSPÓIR 6	Bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú	60
CUSPÓIR 7	Neartú a dhéanamh ar an rialachas idirnáisiúnta maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais	67

Tagairtí	72
-----------------	-----------

Aguisíní	76
-----------------	-----------

Aguisín I: Liosta d'Acrainmneacha	76
Aguisín II: Baill den bhFóram Bithéagsúlachta, Grúpa Oibre Bithéagsúlachta agus Foireann Comhordaithe an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta	78
Aguisín III: Straitéis Bithéagsúlacht AE	79
Aguisín IV: Plean Straitéiseach CBD don Bithéagsúlacht agus Spriocanna Bithéagsúlacht Aichi	81
Aguisín V: Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe	84

Réamhrá



Forléargas ar chuspóirí agus spriocanna

1

CUSPÓIR

Bithéagsúlacht a phríomhshruthú isteach sa chinnteoireacht thar gach earnáil

Sprioc 1.1. Go dtuigeann na hearnálacha go léir go bhfuil freagracht chomhroinnte acu as an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus as úsáid inbhuanaithe a bhaint as a cuid gnéithe, agus go ngníomhaíonn siad dá réir.

Sprioc 1.2. Reachtaíocht neartaithe a thacaíonn le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta in Éirinn.

2

CUSPÓIR

An bonn eolais do chaomhantas, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a neartú

Sprioc 2.1. Mar thoradh ar eolas faoi sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais tá ár gcumas le caomhnú, bainistíocht éifeachtach agus húsáid inbhuanaithe a chinntiú faoi 2021 méadaithe go mór.

3

CUSPÓIR

Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais

Sprioc 3.1 Tuiscint fheabhsaithe ag lucht déanta beartas, ag gnólachtaí, ag páirtithe leasmhara, ag pobail áitiúla agus ag an bpobal i gcoitinne ar luach na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais.

4

CUSPÓIR

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa tuath níos leithne

Sprioc 4.1. Deiseanna barrfheabhsaithe sa talmhaíocht agus san fhorbairt tuaithe, san fhóraiséacht agus i bpolasaí ábhartha eile chun tairbhe a bhaint amach don bhithéagsúlacht.

Sprioc 4.2. Go laghdófaí na príomhbhrúna truailléin ar bhithéagsúlacht talún agus fionnuisce go suntasach faoi 2020.

Sprioc 4.3. Buntáistí barrfheabhsaithe do bhithéagsúlacht i scéimeanna do Phleanáil Bainistíochta Riosca Tuitte agus draenála.

Sprioc 4.4. Tá srian ar speicis choimhthíocha ionracha dhíobhálacha agus tá riosca laghdaithe maidir le tabhairt isteach agus/nó scaipeadh speiceas nua.

Sprioc 4.5. Feabhas ar fhorfheidhmiú an dlí um fhiadhúlra.

5

CUSPÓIR

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí

Sprioc 5.1. Dul chun cinn déanta i dtreo “dea-stádas éiceolaíoch agus comhshaoil” uiscí muirí thar thréimhse an Phlean seo.

Sprioc 5.2. Leibhéil stoic iasc cothaithe nó tugtha ar ais chuig leibhéil ar féidir leo uastoradh inbhuanaithe a tháirgeadh, sa chás inar féidir, tráth nach déanaí ná 2020.

6

CUSPÓIR

Bainistiú ar limistéir agus speicis faoi chosaint a leathnú agus a fheabhsú

Sprioc 6.1. Lónra Natura 2000 sainithe 2018 agus faoi bhainistíocht caomhantais éifeachtach faoi 2020.

Sprioc 6.2. Feabhas suntasach curtha ar leordhóthain, comhchuibheas, comhcheangailteacht agus athléimneacht lónra na limistéar faoi chosaint faoi 2020.

Sprioc 6.3. Gan stádas ag dul chun donaís ag speiceas ar bith faoi chosaint faoi 2020; stádas fabhrach ag tromlach na speiceas, nó iad ag gluaiseacht i dtreo an stádaís sin, faoi 2021.

7

CUSPÓIR

Neartú a dhéanamh ar an rialachas idirnáisiúnta maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí agus éiceachórais

Sprioc 7.1. Tacaíocht neartaithe don bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais i gcabhair sheachtrach.

Sprioc 7.2. Tuilleadh a chur le rialachas idirnáisiúnta maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais.

Sprioc 7.3. Comhoibriú feabhsaithe le Tuisceart Éireann maidir le saincheistanna comhchoiteanna.

Sprioc 7.4. Laghdú ar thionchar na trádála Éireannacha ar bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais domhanda.

FÍS NA HÉIREANN DON BHITHÉAGSÚLACHT

Is í Fís na hÉireann don Bhithéagsúlacht: “Go ndéanfar bithéagsúlacht agus éiceachórais na hÉireann a chaomhnú agus a athchóiriú, sa chaoi go gcuirfear tairbhí ar fáil atá riachtanach do gach earnáil sa tsochaí agus go dtacóidh Éire le hiarrachtaí chun stop a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachóras san AE agus ar fud an domhain.”

I dtéarmaí simplí, áiríonn “bithéagsúlacht” an bheatha go léir ar Domhan. Mar a shainítear ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD), ciallaíonn “éagsúlacht bhitheolaíoch” an éagsúlacht i measc orgánach beo ó gach foinse lena n-áirítear, *inter alia*, éiceachórais talún, éiceachórais mhuirí agus éiceachórais uisce eile agus na coimpléisc éiceolaíocha a bhfuil siad ina gcuid díobh; áiríonn sé seo éagsúlacht ghéiniteach laistigh de speicis, idir speicis agus éagsúlacht éiceachóras. Bíonn daoine ag brath ar an mbithéagsúlacht d’ár sláinte agus folláine agus chun tacú le neart d’ár ngníomhaíochtaí eacnamaíochta. Bíonn ról tábhachtach ag an mbithéagsúlacht i bhfeidhmiú na n-éiceachóras agus a gcumas leanúnach chun “seirbhísí éiceachórais” a sholáthar. Tugann an bhithéagsúlacht aer glan, uisce, breosla, míochainí, fóilleacht agus saibhriú spioradálta dúinn, mar shampla, agus cosnaíonn sí ón adhaimsir. Tacaíonn sí le pailniú agus le hithirthorthúlacht, agus déanann sí rialú ar ár n-aeráid.

Ón taobh domhanda de, tá meath ag teacht ar an mbithéagsúlacht agus, d’ainneoin méadú ar fheasacht agus iarrachtaí chun a chaillteanas a stopadh, fanann an bhithéagsúlacht faoi bhagairt ó ghníomhaíochtaí daonna ar fud an domhain¹. I measc na bpríomhchúiseanna le caillteanas bithéagsúlachta domhanda tá róshaothrú ar speicis fhiáine² agus aistriú talún go húsáid talmhaíochta³. Mar thoradh ar chaillteanas na bithéagsúlachta ar fud

an domhain glacadh leis go forleathan go raibh sé riachtanach gníomh a chomhordú don bhithéagsúlacht ar scála domhanda. Sa bhliain 1992 bunaíodh an CBD agus dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún sa bhliain 1996⁴. Is iad cuspóirí an CBD “caomhnú na héagsúlachta bitheolaíche, úsáid inbhuanaithe a comhpháirteanna agus comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí ag eascairt as úsáid acmhainní géiniteacha”. Chuige seo, d’aithin an CBD ina Phlean Straitéiseach cúig Aidhm Straitéiseach agus 20 Sprioc Bithéagsúlachta Aichi5 (féach Aguisín IV). Ina theannta sin, cuireann an CBD de cheangal ar gach Páirtí Conarthach straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt i dtaca le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta.

Leis an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta (PGBN) seo, an tríú plean den chineál sin d’Éirinn, gabhtar na cuspóirí, spriocanna agus gníomhartha don bhithéagsúlacht a dhéanfar ag raon leathan de ghníomhaithe rialtais, sochaí sibhialta agus earnála príobháidí chun Fís na hÉireann don Bhithéagsúlacht a bhaint amach. Cuireann an PGBN seo creat ar fáil chun rianú agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo Fhís na hÉireann don Bhithéagsúlacht thar fhráma ama cúig bliana ó 2017 go 2021. Chun an Fhís a bhaint amach, sainithníodh seacht gcuspóir straitéiseacha sa dara Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta “Gníomhartha le haghaidh Bithéagsúlachta 2011-2016”⁶. Tá cur i bhfeidhm leanúnach na gcuspóirí seo (Fíor 1, thall) coimeádta don Phlean nua seo. Sa Tábla Gníomhartha nuashonraithe leagtar amach na gníomhartha atá de dhíth chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, chomh maith leis na ceannairí agus na príomh-chomhpháirtithe atá freagrach as a gcur i bhfeidhm.

1

CUSPÓIR

Bithéagsúlacht a
phríomhshruthú
isteach sa
chinnteoireacht thar
gach earnáil

7

CUSPÓIR

Nearthú a dhéanamh
ar an rialachas
idirnáisiúnta maidir
le bithéagsúlacht
agus seirbhísí agus
éiceachórais

2

CUSPÓIR

An bonn eolais
do chaomhantas,
bainistiú agus úsáid
inbhuanaithe na
bithéagsúlachta a
nearthú

6

CUSPÓIR

Bainistiú ar limistéir
agus speicis faoi
chosaint a leathnú
agus a fheabhsú

3

CUSPÓIR

Cur leis an
bhfeasacht agus
an meas ar
bhithéagsúlacht
agus seirbhísí
éiceachórais

5

CUSPÓIR

Bithéagsúlacht
agus seirbhísí
éiceachórais a
chaomhnú agus
a athchóiriú sa
timpeallacht mhuirí

4

CUSPÓIR


Bithéagsúlacht
agus seirbhísí
éiceachórais a
chaomhnú agus a
athchóiriú sa tuath
níos leithne

FÍOR 1 CUSPÓIRÍ PHEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM BITHÉAGSÚLACHT NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

BITHÉAGSÚLACHT AGUS SEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS NA ÉIREANN

Tá éagsúlacht shaibhir d'éiceachórais agus d'fhiadhúlra ag Éirinn ina timpeallachtaí talún, fionnuisce agus muirí. D'éabhlóidigh gnáthóga nádúrtha na hÉireann thar milliúin de bhlianta agus tacaíonn siad le daonraí d'éin, éisc, mamaigh, inveirteabraigh, plandaí agus fungais a bhfuil tábhacht dhomhanda leo. Sna gnáthóga muirí atá timpeall an oileáin seo againne tá míolta móra, deilfeanna, cóilíneachtaí ollmhóra d'éin mhara, neart éisc agus sceireacha coiréil fuaruisce, chomh maith le pobail shaibhre algacha agus inveirteabracha. Ar thalamh, tá saibhreas de speicis inár sléibhte, tailte portaigh, turlaigh, coillearnacha, féarthailte, lochanna, aibhneacha agus gnáthóga cósta. Tá breis agus 31,000 speiceas taifeadta in Éirinn agus sna farraigí máguaird agus tá neart fós le haimsiú⁷.

Le neart blianta anuas, d'fhéachamar leis an dúlra a chaomhnú ar a shon féin, ar chúiseanna morálta agus eitice amháin. Fanann an bunús seo chomh bailí agus chomh hábhartha agus a bhí riamh. Le déanaí, tá argóintí breise do chaomhnú an dúlra tagtha chun cinn, bunaithe ar luach sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta na bithéagsúlachta agus na buntáistí nó "seirbhísí éiceachórais" a chuireann sí ar fáil don tsochaí (Fíor 2). Sampla de sheirbhís éiceachórais a chuirtear ar fáil d'earnáil na talmhaíochta in Éirinn is ea timthriall chothaitheach ag orgánaigh ithreach. Meastar go bhfuil luach €1 billiún in aghaidh na bliana ar an tseirbhís seo⁸. Ag aithint go gcuireann an bhithéagsúlacht neart seirbhísí éiceachórais ar fáil atá luachmhar ach nach mbíodh luach orthu roimhe seo, nach raibh aithne ar a luach eacnamaíoch go dtí seo, cuirtear iallach sa bhreis orainn ár mbithéagsúlacht a chosaint ar shaothrú neamh-inbhuanaithe.



FÍOR 2
AN GAOL IDIR BITHÉAGSÚLACHT, FEIDHM ÉICEACHÓRAIS AGUS FOLLÁINE AN DUINE⁹

Ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe sa bhliain 2015, bhí ról tábhachtach ag Éirinn san idirbheartaíocht ar 17 Aidhm Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus 169 Sprioc chun úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha an Domhain a chur chun cinn agus chun an pláinéad a chosaint ar dhíghrádú¹⁰. Trí bhainistiú inbhuanaithe ar éiceachórais shláintiúla agus an iliomad speiceas a fheidhmíonn laistigh díobh, tá súil againn go mbainfidimid tairbhe as raon leathan de sheirbhísí éiceachórais. Is sócmhainn ríthábhachtach í an bhithéagsúlacht atá riachtanach do bheatha an duine agus ní mór do rialtais agus don earnáil phríobháideach aitheantas a mhéadú ar a luachanna intreacha agus eacnamaíochta mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

Le blianta beaga anuas, tá luathú tagtha ar thionchair an duine ar an mbithéagsúlacht in Éirinn agus ar fud na cruinne agus mar thoradh air sin tá méadú ar an damáiste do ghnáthóga, caillteanas speiceas, laghdú ar fhlúirse an fhiadhúlra agus díghrádú ar ár dtimpeallacht (aer, uisce agus ithreacha)^{1,11}. Má leanaimidne, an ghlúin reatha, de shaothrú neamh-inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha ár náisiúin agus ár gcruinne, dde dhamáiste a dhéanamh d'ár ngnáthóga nádúrtha, de speicis a chur go díothú agus de thruailliú ár bhfarraigí, ár bhfionnuisce agus ár n-ithreacha, beidh na glúnta amach anseo fágtha le comhshaol laghdaithe agus díghrádaithe nach bhfuil in oiriúint chun tacú leo agus chun raon leathan de bhuntáistí don tsochaí agus don gheilleagar a chur ar fáil dóibh.

Braitheann neart d'earnálacha eacnamaíochta na hÉireann (go háirithe turasóireacht agus táirgea dh bia) ar aer, ithreacha agus uisce ardchaighdeán agus ar ghnáthóga éagsúla. Ach ní féidir leis na tionscadail seo a bheith inbhuanaithe ach amháin má chosnaítear na hacmhainní nádúrtha ar a bhfuil siad bunaithe ar an díghrádú. Tá sé seo fíor go háirithe do thionscnaimh amhail "Bealach an Atlantaigh Fhiáin" na hÉireann, a dhéanann margaíocht ar chósta an iarthair mar cheann scríbe dúlra, fiadhúlra agus oidhreacht cultúrtha (Fíor 3). Mar sin féin, tá neart bealaí eile nach bhfuil chomh soiléir sin ina gcothaíonn an dúlra sinn, mar shampla, cuidiú lenár n-oidhreacht, sláinte, folláine, taitneamh agus aitheantas náisiúnta.



◀ Slí an Atlantaigh Fhiáin (Ciaran O'Keefe)



FÍOR 3

BRAITHEANN CODANNA SUNTASACHA DE GHEILLEAGAR NA HÉIREANN, LENA N-ÁIRÍTEAR TURASÓIREACHT AGUS TÁIRGEADH BIA ÓN TALAMH AGUS ÓN BHFARRAIGE, AR AN MBITHÉAGSÚLACHT AGUS NA SEIRBHÍSÍ A CHUIREANN SÍ AR FÁIL. IS CHUN A LEAS FADTÉARMACH A CHINNTIÚ GO MBÍONN BAINISTIÚ INBHUANAITHE AR AN MBITHÉAGSÚLACHT

Tá an bhithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus na buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sóisialta, cultúrtha agus sochaíocha a chuireann siad ar fáil riachtanach do thearmann eacnamaíoch leanúnach agus todhchaí sláintiúil agus inbhuanaithe na hÉireann (Tábla 1). Aithníonn plean na hÉireann don infreastruchtúr agus d'infheistíocht chaipitiúil 2016-2021¹² an ról atá ag ár n-oidhreacht nádúrtha d'fhás eacnamaíoch, ag leagan béime ar infheistíochtaí san athshlánú ar thailte portaigh. Chomh maith le hinfeistíocht san infreastruchtúr fisiciúil, tá infheistíocht go díreach sa bhithéagsúlacht trí chosaint agus athshlánú ar ghnáthóga ríthábhachtach chun na buntáistí a fhaighimid ón dúlra a choinneáil agus a fheabhsú. Sainaitníonn an PGBN seo príomhghníomhartha chun riocht na bithéagsúlachta, agus dá bhrí sin a seirbhísí éiceachórais, ar ár dtalamh agus ar ár bhfarraige agus fionnuiscí, a choinneáil agus a fheabhsú.

TÁBLA 1. SAMPLAÍ Ó ÉIRINN DE SHEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS AGUS LUACHÁIL

Sa bhliain 2015, bhí ioncam €6 bhilliún¹³ ó thurasóireacht ó thar lear. Luaidh 86% de na cuairteoirí ar a rinneadh suirbhé in 2015 go raibh timpeallacht nádúrtha neamh-mhillte na hÉireann mar chúis thábhachtach le cuairt a thabhairt ar Éirinn¹⁴.

Léirigh suirbhé a rinneadh in 2015 go gcuireann slatiascaireacht áineasa in Éirinn €836 milliún le geilleagar na hÉireann gach bliain agus tacaítear le breis agus 11,000 post Éireannacha mar thoradh ar an slatiascaireacht, go minic i bpobail tuaithe¹⁵.

Chuir iascaigh, dobharshaothrú, próiseáil bia mara agus an bhiteicneolaíocht agus bitháirgí atá ag tacht chun cinn breis agus €800 milliún le geilleagar aigéin na hÉireann in 2012¹².

Le togra pólótach sa bhliain 2016 chun mapáil agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí éiceachórais go náisiúnta, léiríodh na tairbhí iolracha a thugann raon d'éiceachórais ar fud na tíre¹⁶.



Ag casadh le deilfeanna bolgshrónaigh le linn éiceathurasóireachta muirí (Oliver Ó Cadhla) ↗

CÚLRA POLASAÍ AGUS REACHTAÍOCHTA

Is é an tAcht um Fhiadhúlra, 1976 an phríomhreachtaíocht náisiúnta ina ndéantar foráil do chosaint an fhiadhúlra in Éirinn. Tá forálacha san Acht do, inter alia, Anaclanna Dúlra Reachtúla a shonrú, Tearmainn Fána agus Tearmann Éanlaithe Fiáine, agus do speicis liostaithe de phlandaí agus ainmhithe a chosaint. Faoi Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, rinneadh an bonn reachtúil do chaomhnú bithéagsúlachta a láidriú le feabhsuithe ar bhearta a bhí ann cheana agus bearta nua a thabhairt isteach. Tugann an tAcht cosaint reachtúil chun limistéir náisiúnta de bithéagsúlacht ard a ainmniú: Limistéir Oidhreachta Nádurtha (NHAanna). Tá láidriú déant ar an gcomhlíonadh le comhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coinbhinsiún um Thrádáil Idirnáisiúnta Speiceas i mBaol (CITES) agus an Comhaontú maidir le hÉin Uisce Imirceacha Afracacha-Eoráiseacha a Chaomhnú (AEWA). Tugann an tAcht aitheantas reachtúil freisin do fhreagrachtaí an Rialtais maidir le caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn, i bhfianaise thiomantas na hÉireann don Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht.

Is iad Treoir an AE maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/EEC)¹⁷ agus an Treoir maidir le hÉin (Treoir 79/409/EC)¹⁸ atá mar chloch choirnéil ar pholasaí na hEorpa um chosaint an dúlra. Tá siad bunaithe ar dhá cholún: (i) líonra Natura 2000 de shuíomhanna cosanta (ar a dtugtar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta sa Treoir maidir le Gnáthóga, agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta sa Treoir maidir le hÉin); agus (ii) córais do chosaint speiceas lasmuigh de na limistéir sin faoi chaomhnú. Áirítear sa dá Threoir riachtanas do thuairisiciú ó am go ham maidir le cur i bhfeidhm. Cuireann Alt 17 den Treoir maidir le Gnáthóga de cheangal ar na Ballstáit measúnuithe náisiúnta a dhéanamh, i dtimthriall ó bliana, den stádas caomhnaithe de ghnáthóga agus speicis atá faoi chosaint faoi Treoir. Athraíodh na riachtanais do thuairisiciú faoi Alt 12 den Treoir maidir le hÉin le déanaí chuig 6 bliana agus rinneadh iad a shruthlíniú le timthriallacha tuairiscithe faoi Alt 17 den Treoir

maidir le Gnáthóga. Déantar an dá threoir maidir le dúlra a thrasú i ndlí na hÉireann ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádurtha) (2011).

Rinne an Coimisiún Eorpach meastóireacht chuimsitheach ar na Treoracha Dúlra, ar a dtugtar “Tástáil Inniúlachta”. Fuair an Tástáil Inniúlachta seo amach, mar chuid de pholasaí an AE um bithéagsúlacht i gcoitinne, go bhfuil na Treoracha Dúlra in oiriúint don chúis ach go mbeidh baint amach a gcuspóirí agus barr a gcumais a bhaint amach ag brath ar fheabhas suntasach ar a gcur i bhfeidhm, Tá gá le feabhsúcháin ina n-éifeachtacht agus ina n-éifeachtúlacht agus san obair i gcomhpháirt le pobail éagsúla de pháirtithe leasmhara sna Ballstáit agus ar fud an AE chun torthaí praiticiúla a sholáthar ar an talamh. Chinn an Coimisiún Eorpach ar phlean gníomhaíochta coinchréideach a fhorbairt chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na dTreoracha, a gcomhleanúnachas le cuspóirí socheacnamaíocha agus rannpháirtíocht le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, páirtithe leasmhara agus saoránaigh. Rinneadh an gníomhartha atá sa i bplean an AE ó 2017 *Action Plan for nature, people and the economy* a mheas agus a chomhtháthú laistigh den Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta.

Déantar machnamh ar chosaint don bithéagsúlacht mar chuid de Threoracha eile AE freisin. Leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (2008/56/EC)¹⁹ féachtar le Stádas Maith Comhshaoil (GES) a bhaint amach faoi 2020. Tá cuspóir follasach riago ndéanfar “bithéagsúlacht a chothabháil faoi 2020”, mar chloch choirnéil chun GES a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an gCreat-treoir Uisce (2000/60/EC)²⁰ (WFD) creat a bhunú chun uiscí dromchla agus screamhuisce uile a chosaint agus é d’aidhm stádas maith a bhaint amach sma huiscí uile. Féachann na treoracha dúlra agus an WFD araon le héiceachórais uisce sláintiúla a chinntiú agus ag an am céanna cothromaíocht a chinntiú idir cosaint uisce/dúlra agus úsáid inbhuanaithe

acmhainní nádúrtha an dúlra. Is í an Treoir um Níotráití (91/676/EEC)²¹, a fhéachann le huisce a chosaint ar thruaillíú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta, an phríomh-bheart talmhaíochta ar bun chun tacú le seachadadh na gcuspóirí WFD.


Mar thoradh ar an riachtanas do mheasúnachtaí tionchair faoi roinnt Treoracha AE, déantar deimhin de go ndéantar machnamh mar is cuí ar an mbithéagsúlacht d'fhorbairtí beartaithe ar bith. Sa Treoir ón AE maidir le Gnáthóga leagtar diancheanglais dlí ar bhallstáit a chinntiú go ndéantar na gnáthóga agus speicis a bhfuil leas caomhnaithe leo sna Suíomhanna Eorpacha uile a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú. Cuireann Alt 6 den Treoir de cheangal ar na ballstáit 'measúnú cuí' (AA) a dhéanamh do phlean nó togra ar bith a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar Shuíomh Eorpach ar bith. Bíonn tionchar bunúsach ag torthaí AAnna den sórt sin ar na cinntí a d'fhéadfadh údaráis inniúlacha náisiúnta a dhéanamh maidir le pleananna nó tograí a cheadú.

Is féidir measúnú comhshaoil a dhéanamh do tograí aonair, amhail mótarbhealach, aerfort nó monarcha, ar bhonn na Treorach um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (2011/92/EU)²² agus/nó do phleananna nó cláir phoiblí ar bhonn na Treorach um Measúnacht Timpeallachta Straitéisí (2001/42/EC)²³. Is é an prionsabal comónta atá ag an dá Threoir ná a chinntiú go ndéantar pleananna, cláir agus tograí is dócha a mbeadh tionchair shuntasacha acu ar an timpeallacht faoi réir ag measúnacht timpeallachta, sula ndéanfar iad a cheadú nó a údarú.

Tá an Treoir um Dhliteanas Timpeallachta (2004/35/CE)²⁴ bunaithe ar an bprionsabal "íocadh an truaillitheoir" chun damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas. Tugann an Treoir sainmhíniú ar "damáiste comhshaoil" mar dhamáiste ar speicis agus gnáthóga nádúrtha faoi chosaint, damáiste ar uisce agus damáiste ar ithir.

STAIÐ NA BITHÉAGSÚLACHTA IN ÉIRINN

Tá roinnt measúnuithe déanta ar staid ár mbithéagsúlachta. Go dtí seo, rinne Éire measúnuithe um Liosta Dearg ar an mbagairt díothaithe de thacsóin plandaí soithíocha, brífítí agus veirteabracha neamh-mhuirí[†] móide na grúpaí inveirteabracha is mó a bhfuil aithne orthu (Fíor 4). Ní mheastar go bhfuil a bhformhór faoi bhagairt, ach measadh go raibh beagán os cionn 14% de na tacsóin[†] faoi bhagairt díothaithe (lena n-áirítear 30 speiceas de bheacha²⁵, eascann, ruabhreac Artach, agus cnádán²⁶).



FÍOR 4
CODÁN NA DTACSÓIN I NGACH CATAGÓIR LIOSTA DEARG DO NA GRÚPAÍ TACSANOMÁIOCHA A BHFUIL MEASÚNÚ DÉANTA ORTHU AG BAINT ÚSÁIDE AS CRITÉIR IUCN. LÉIRÍTEAR LÍON IOMLÁN NA DTACSÓIN A RINNEADH MEASÚNÚ ORTHU I NGACH GRÚPA IDIR LÚBÍNÍ. NÍ ÁIRÍTEAR AR AN LIOSTA DEARG ACH NA TACSÓIN SIN A MHEASTAR A BHEITH I MBAOL CRITICIÚIL, I MBAOL AGUS LEOCHAILEACH


[†] a áiríonn speiceas, fospeicis, cineálacha agus foirmeacha




Léirigh an measúnú is déanaí ar stádas na ngnáthóg agus speiceas faoi chosaint AE in Éirinn sa bhliain 2013 go bhfuil stádas caomhantais neamhfhabhartha ag 91% de na 58 gnáthóg ar a rinneadh measúnú²⁷. Bristear é sin síos mar seo a leanas: bhí 50% 'Neamhleor' agus bhí 41% 'Dona' (Fíor 5). Sannadh cáilitheoirí le measúnuithe atá mífhabhrach lena chinneadh cé acu an bhfuil an stádas ag feabhsú, ag meath, seasta, nó anaithnid. Ó 2007, léirigh naoi ngnáthóg treocht a bhí ag feabhsú go fíor, meastar go bhfuil 18 ngnáthóg ag meath, ní thuairiscítear athrú ar bith do 28 ngnáthóg agus tuairiscíodh treocht anaithnid do thrí ghnáthóg. Meastar go bhfuil neart de na gnáthóga cósta agus lochanna 'Neamhleor', le meathanna leantacha. Nótáiltear 'Neamhleor' le treochtaí ag feabhsú do roinnt gnáthóga muirí. Fanann an stádas do roinnt gnáthóga tailte portaigh agus tailte féaraigh ag 'Dona', le meathanna leantacha. Bhí stádas caomhantais speiceas beagán níos dearfaí, cé gur tuairiscíodh go raibh 20% díobh sin ar a rinneadh measúnú 'Neamhleor' agus 12% 'Dona' (Fíor 5). Is iad na speicis sin ar a bhfuil measúnú 'Dona' déanta ná diúilicín péarla fionnuisce, loimpre mhara, sead fhallacsach, pollán, agus cnádán²⁷.

Léiríonn tuairisciú na hÉireann ar an Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach go bhfuil na treochtaí daonra gearrthéarma (2001-2012) de 38% de thacsóin éan goir ag méadú, go bhfuil 24% seasta, go bhfuil 27% ag laghdú agus go bhfuil 11% anaithnid (Fíor 6). Tá níos lú soiléire sna treochtaí do thacsóin éan geimhrithe le treochtaí daonra gearrthéarma de 25% de thacsóin ag méadú, 12% de thacsóin seasta, 24% ag laghdú, 23% anaithnid, agus 16% luaineach (Fíor 6). Mar thoradh ar an measúnú sa 2013 ar an stádas de 185 speiceas éin a tharlaíonn go rialta ar oileán na hÉireann cuireadh 37 speiceas ar an liosta Dearg d'Éin a bhfuil Imní Caomhnaithe ina Leith in Éirinn, 90 ar an liosta Ómra agus 58 ar an liosta Glas²⁸. Bhí méadú 12 ar líon na speiceas ar an liosta Dearg agus méadú 5 ar an liosta Ómra ón athbhreithniú roimhe sin in 2007.

Is é an pictiúr ar an iomlán ná gur leochaileach an riocht ina bhfuil codán suntasach de bhitheagsúlacht na hÉireann.



FÍOR 5
CODÁN DE GHNÁTHÓGA AGUS SPEICIS FAOI CHOSAINT AN AE IN ÉIRINN A BHFUIL STÁDAS CAOMHNAITHE 'DONA', 'NEAMHLEOR', 'FABHRACH', AGUS 'ANAITHNID' ACU, MAR A MEASADH DO THURASCÁIL NA HÉIREANN 2013 FAOI AIRTEAGAL 17 DEN TREOIR MAIDIR LE GNÁTHÓGA²⁷



FÍOR 6
CODÁN DE SPEICIS NA HÉIREANN A TUAIRISCÍODH GO BHFUIL TREOCHTAÍ DAONRA ATÁ AG MÉADÚ, SEATA, ANAITHNID, LAGHDÚ NÓ LUAINÉACH I DTUARASCÁIL NA HÉIREANN 2012 FAOI AIRTEAGAL 12 DEN TREOIR MAIDIR LE HÉIN.



BRÚNNA AR BHITHÉAGSÚLACHT AGUS SEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS NA HÉIREANN

Tagann na príomh-bhagairtí agus na príomh-bhrúnna ar ghnáthóga agus speicis faoi chosaint AE ón talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaigh, leasuithe sa chóras nádúrtha (lena n-áirítear draenáil), mianadóireacht agus cairéalú (lena n-áirítear baint móna), athrú aeráide, truailliú, agus speicis ionracha agus amhrasacha²⁷. Aithnítear cailleadh gnáthóige mar bhrú leanúnach freisin.



Damáiste ó stoirm 2015: Gaillimh (Karen Gaynor) ↗

Mura mbíonn gníomh suntasach ann chun treochtaí reatha a athrú, ní bheidh aon laghdú suntasach ar na brúnna seo thar na deich mbliana atá romhainn. Go deimhin, is dócha go méadófar ar chuid díobh, lena n-áirítear athruithe córais aeráide agus talmhaíochta agus speicis ionracha, mura ndéantar gníomh anois. Is dócha gurb iad na príomh-bhagairtí agus brúnna a tuairiscíodh do ghnáthóga agus speiceas faoi chosaint AE in Éirinn na príomhbhrúnna ar speicis agus gnáthóga sna timpeallachtaí nádúrtha, uirbeacha agus muirí i gcoitinne.

In Éirinn, bhí tionchair mhóra ag brúnna a bhaineann leis an talmhaíocht ar ghnáthóga agus speicis talamh-bhunaithe le breis agus 70% de ghnáthóga a raibh leas AE ag baint leo a raibh tionchar diúltach ag an talmhaíocht orthu²⁷. Is iad réimis féaraigh atá mí-oiriúnach ó thaobh na héiceolaíochta de agus tréigean²⁷ na príomhbhrúnna a tuairiscíodh. Ina theannta sin, tá meath substaintiúil tagtha leis na deiceanna de bhianta is déanaí ar dháileacháin goir na speiceas éin a bhaineann le tailte feirme, lena n-áirítear an crotach, an pilibín agus an bhuíóg, leis an gcrotach ar imeall an díothaithe de réir obair suirbhé in 2015 agus 2016.

Luadh truailliú, go formhór mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le talmhaíocht nó foraoiseacht agus córais séarachais teaglaigh, mar cheann de na príomhbhagairtí ar gnáthóga leasa an AE (mar shampla inbhir, murlaigh cósta, agus turlaigh) agus b'é an bhagairt ba mhinice ar speicis leasa an AE²⁷. Leanann dlúis ardaithe cothaithe (fosfar agus nitrigin) mar an fhadhb is forleithne i dtaca le cáilíocht uisce in Éirinn ag eascairt den chuid is mó as gníomhaíochtaí daonna amhail talmhaíocht agus scaoileadh dramhuisce ó áiteanna cónaithe daonna.²⁹ Tuairiscíonn *Ireland's*

*Environment – An Assessment 2016*²⁹ nach raibh aon fheabhsú i gcáilíocht uisce abhann nó i gcáilíocht uisce aistrithe agus cósta le sé bliana anuas. Tá fianaise ann go bhfuil tionchar diúltach ag an athrú aeráide ar ghnáthóga na hÉireann, go háirithe gnáthóga cósta agus ardtailte³⁰ chomh maith le cnuasach de speicis ^{31, 32, 33, 34}, agus go bhfuil aigéadú aigéin³⁵ á thiomáint aige. Léiríonn samhlacha um athrú aeráide, maidir le gnáthóga ardtailte díghrádaithe, go háirithe, go laghdófar ar a n-athléimneacht i dtaca le tionchair athrú aeráide sa neastodhcha³⁶. Rachaidh arduithe a bhfuiltear ag súil leo sa teocht, athruithe i bpatrúin deasctha, dálaí foircneacha aimsire (stoirmeacha agus tuilte, borradh farraige, tulcaí) agus ardú i leibhéal na mara ar fhlúirse agus dáileadh na speiceas Éireannacha agus b'fhéidir go gcothóidh siad leathnú ar speicis coimhthíocha ionracha. Mar shampla, athróidh tréimhsí eitilte, líon na nglúnta in aghaidh na bliana, agus flúirsí na bhféileacán Éireannacha, chomh maith leis an amú ar phléascadh bachlóige i speicis crainn na hÉireann le tionchair ina dhiaidh sin ar fheithidí agus na héisc a itheann iad.

Tá minicíocht agus leathnú na speiceas ionracha agus neamh-dhúchasacha in Éirinn ag méadú do na comhshaoil go léir³⁷. Féadfaidh speicis ionracha, amhail diúilicín riabhach, iora glas agus oisre an Aigéin Chiúin, teacht in ionad ar speicis dhúchasacha agus athrú suntasach a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht agus, ina dhiaidh sin, próisis agus seirbhísí éiceachórais. Go dtí seo, is plandaí iad formhór na speiceas ionracha in Éirinn (lena n-áirítear lus milis, gunnaire, agus feabhrán capaill) ach amach anseo b'fhéidir gurb í an treocht a bheidh ann ná go mbeidh inveirteabraigh agus speicis veirteabraigh ina gcéatadán níos mó de na speicis nua^{37, 38}. Measadh go raibh costas bliantúil díreach de bhreis agus €200 milliún³⁹ ar gheilleagar na hÉireann a bhain le speicis ionracha sa bhliain 2013, ach le méadú ar na speicis ag teacht isteach agus ar an dtionchar, b'fhéidir go mbeidh ardú sa chostas eacnamaíoch freisin.



Iora glas speiceas coimhthíoch ionrach (Lorcan Scott) 

PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTITHE

Tá raon leathan d'eagraíochtaí atá ag plé le caomhnú bithéagsúlachta, idir Ranna Rialtais lárnacha, gníomhaireachtaí Stáit agus Údaráis Áitiúla, agus an pobal taighde, ENRanna náisiúnta agus áitiúla, agus pobail áitiúla agus daoine aonair.

Dílsítear an fhreagracht as bithéagsúlacht anois san Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Áirítear léi sin an reachtaíocht fiadhúlra a chur i bhfeidhm, suíomhanna Natura 2000 (Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta) a ainmniú agus a chosaint, bainistiú ar Pháirceanna Náisiúnta agus Tearmainn Dúlra Reachtúla i seilbh an Stáit, cláir taighde eolaíochta agus monatóireachta, pleananna gníomhaíochta do speicis a ullmhú, etc.

Tá freagracht ag an An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil as cúrsaí comhshaoil amhail pleanáil agus forbairt, cáilíocht uisce, fuinneamh inathnuaite, agis athrú aeráide. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara freagrach as polasaithe agus cláir mhaoinithe i réimsí na talmhaíochta, bia, iascach, foraoiseachta agus na timpeallachta tuaithe. Tá freagracht ag roinnt Ranna eile, nó baint acu le, saincheistean a thrasnaíonn le cúrsaí bithéagsúlachta, e.g. tá an Garda Síochána agus Custaim páirteach i bhforfheidhmiú roinnt reachtaíochta tábhachtaí i réimse na trádála mídhleathaí agus iomportáil.

I measc na gcomhlachtaí Stáit a bhfuil ról acu i gcaomhnú bithéagsúlachta tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Foras na Mara, Iascaigh Intíre Éireann Teagasc, an Chomhairle Oidhreacht, Uiscebealaí Éireann, Coillte, agus Oifig na nOibreacha Poiblí (a áiríonn Garraithe Náisiúnta na Lus).

Bíonn ról tábhachtach ag Údaráis Áitiúla i gcaomhnú na bithéagsúlachta tríd an gcóras pleanála, an raon leathan de sheirbhísí comhshaoil a chuireann siad ar

fáil, an líonra d'oifigigh bithéagsúlachta agus oidhreacht agus an Oifig Uisce agus Pobal na nÚdarás Áitiúil agus a gcur i bhfeidhm de phleananna agus cláir.

Ar neart bealaí, is iad úinéirí talún, feirmeoirí agus pobail áitiúla na daoine ia tábhachtaí i gcúrsaí bithéagsúlachta. Áirítear i measc a n-eagraíochtaí ionadaíochta Cumann Feirmeoirí na hÉireann, Cumann Soláthróirí Baine Uachtarlainne na hÉireann, Macra, Cumann Feirmeoirí Chnoc Nádúrtha na hÉireann, Cumann Feirmeoirí Eallach agus Caorach na hÉireann, Irish Rural Link, agus Eagraíocht Úinéirí Talún na hÉireann, South East Cork Area Development, Dublin Bay Biosphere Partnership.

Is ionaid taighde agus oiliúna i réimse na bithéagsúlachta iad Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta. Déanfar ailíniú ar riachtanais taighde le haschuir a nuashonrú tríd an Ardán Náisiúnta do Thaighde Bithéagsúlachta.

Tá raon leathan de ENRanna náisiúnta páirteach i réimse na bithéagsúlachta lena n-áirítear An Taisce, Cairde Éanlaith Éireann, an Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna, Caomhnú Ialtóg Éireann, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, agus Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. Déanann neart eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla obair thábhachtach a bhaineann leis an bithéagsúlacht freisin.

Bunaíodh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ag an gComhairle Oidhreacht in 2007 agus maoinítear é ag an gComhairle Oidhreacht agus an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Déanann an tIonad Náisiúnta solraí maidir le bithéagsúlacht na hÉireann a thiomsú, a bhainistiú, a anailísiú agus a scaipeadh.





MAOINIÚ DO CHAOMHNÚ BITHÉAGSÚLACHTA

Déantar maoiniú do bithéagsúlacht a leithdháileadh ó fhoinsí éagsúla agus ar bhealaí éagsúla. Cuirtear maoiniú atá dírithe go sonrach ar an mbithéagsúlacht ar fáil faoin leithdháileadh bliantúil ón Státchiste chuig Ranna Rialtais ábhartha. Faigheanna comhlachtaí Stáit le ról bithéagsúlachta maoiniú Státchiste nó deontais freisin. Baineann Údaráis Áitiúla tairbhe as cúnamh airgeadais ó chomhlachtaí Stáit amhail an Chomhairle Oidhreacht a do thograí a bhaineann le bithéagsúlacht agus na cláir um Oifigigh Oidhreacht agus Oifigigh Bithéagsúlachta. Cuirtear maoiniú do thaighde bithéagsúlachta ar fáil trí roinnt eagraíochtaí lena n-áirítear EPA, Foras na Mara agus NPWS (Seirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra). Tugann an AE maoiniú do thaighde eolaíochta, faoi láthair tríd an gclár Horizon 2020.

Roinntear an Creat Airgeadais Ilbhliantúil don AE 2014-2020 i sé chatagóir de chaiteachas a bhaineann le réimsí éagsúla de ghníomhaíochtaí AE. Ceann amháin acu seo is ea Fás Inbhunaithe: Acmhainní Nádurtha agus áirítear ann an comhbheartas talmhaíochta, an comhbheartas iascaireachta, forbairt tuaithe, agus bearta comhshaoil. Samhlaítear go ndéanfar maoiniú do bithéagsúlacht a sholáthar go príomha trí na príomhuirlisí maoinithe (e.g. an comhbheartas talmhaíochta leasaithe). Leanfar den mhúnla comhtháite do chomh-mhaoiniú na bithéagsúlachta agus Natura 2000, mar a tugadh isteach sa chreat maoinithe 2007-2013. Sa phlean gníomhaíochta AE 2017 *Action Plan for nature, people and the economy*⁴⁰ áirítear gníomhartha chun feabhas a chur ar shineirgíthe le sruthanna maoinithe lena n-áirítear úsáid éifeachtach d'íocaíochtaí Natura 2000.

Tá comh-mhaoiniú déanta ar neart tograí in Éirinn ag sEU LIFE, uirlis airgeadais an AE a thacaíonn le tograí um chaomhnú comhshaoil agus dúlra, ach meastar fós nach mbaineann Éire úsáid a dhóthain as an deis maoinithe seo. Tá méadú 10% beaetaithe sa bhuiséad LIFE dírithe ar thograí a thacaíonn le caomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta.

Leanann an Clár INTERREG, atá ceaptha le leibhéil níos fearr de chomhoibriú trasteorainn a chur chun cinn, de mhaoiniú a sholáthar do ghníomhartha bainistíochta bithéagsúlachta. Tá modheolaíocht nua á fhorbairt ag an gCoimisiún Eorpach chun iranú a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann le bithéagsúlacht i mbuiséad an AE, amhail an ceann atá á fhorbairt do chaiteachas a bhaineann le haeráid. Tá tiomantas tugtha ag an AE faoin CBD cuidiú le dúbláil ar iomlán na sruthanna acmhainní airgeadais a bhaineann le bithéagsúlacht chuig tíortha atá ag forbairt faoi 2015 agus an leibhéal seo ar a laghad a choinneáil go dtí 2020, agus acmhainní airgeadais baile a úsáid ó na foinsí uile chun an bhearna a laghdú idir riachtanais aitheanta agus acmhainní atá ar fáil ag an leibhéal intíre⁴¹. Éilíonn sé seo go ndéanfar cúsaí bithéagsúlachta a phríomhshruthú ar fud bhuiséad an AE.

Tá UCD, le tacaíocht ó NPWS agus IRC ag rianú an chaiteachais a bhaineann le bithéagsúlacht d'Éire. Seo í an chéad chéim sa tuicint agus forbairt ar mheicníocht maoinithe oiriúnach do chaomhnú na bithéagsúlachta. Ina theannta sin, forbróidh NPWS plean airgeadais chun déileáil le dúshlán airgeadais bithéagsúlachta ar bhealach cuimsitheach agus chun cás gnó láidir a fhorbairt do mhéadú infheistíochta i mbainistiú bithéagsúlachta. Mar chuid den taighde seo déanfar athbhreithniú freisin ar mheicníochtaí nuálacha airgeadais, lena n-áirítear íocaíocht as seirbhísí éiceachórais agus fritháirimh.



COMHGHNÍOMHAÍOCHT DON BHITHÉAGSÚLACHT

Sa bhliain 2002, d'fhoilsigh Éire a céad Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta (2002-2006)⁴² mar phríomhfheithicil chun gealltanais a chomhlíonadh faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) agus Straitéis Bithéagsúlachta an AE. Ba é cuspóir foriomlán an chéad Phlean ná an caomhnú a dhaingniú, lena n-áirítear an feabhsú más féidir, agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlacht bithéolaíochta in Éirinn. Seoladh dara Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta de chuid na hÉireann, "Gníomhaíochtaí le haghaidh 2011-2016"⁴³, i mí na Samhna 2011 agus rinne sé forbairt ar ghnóthachtálacha an chéad Phlean. Dhírigh sé ar ghníomhartha nach raibh curtha i gcrích go hiomlán agus thug sé aghaidh ar shaincheistanna a bhí ag teacht chun cinn. I measc na bpríomhghnóthachtálacaha do thréimhse an dara Plean áirítear na nithe seo a leanas:

- Obair Fhóram na hÉireann um Chaipiteal Nádúrtha;
- Feabhas ar thrasúiomh na Threoir an AE maidir le Gnáthóga agus Threoir an AE maidir le hÉin sa reachtaíocht náisiúnta i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011;
- Forbairt leanúnach, spriocaimsiú feabhsaithe agus seachadadh ar bhearta do chomhshaol na talmhaíochta tríd an gClár um Fhorbairt Tuaithe (RDP)⁴³;
- Rialachán na gComhphobal Eorpacha (Measúnacht Tionchair Timpeallachta)(Talmhaíocht) (I.R. 456/11) a thabhairt isteach ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM);
- Plean Muirí Comhtháite (IMP) dar teideal "Harnessing Our Ocean Wealth" a fhoilsiú⁴⁴;
- Dul chun cinn suntasach sa chosaint ar na samplaí is fearr atá fágtha in Éirinn de phortaigh ardaithe. Foilsiú agus cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta do Thalamh Portaigh⁴⁵; agus dréacht se Phlean Bainistíochta Náisiúnta SAC na bPortach Ardaithe⁴⁶;

- Tús a chur le sé thionscadal EU LIFE (tionscadal feirmeoireachta AranLIFE; Burren GeoparkLIFE; tionscadal KerryLIFE um chaomhnú ar diúilicíní péarla fionnuisce; tionscadal RaptorLIFE ag díriú ar ghnáthóga a cheangal agus a athbhunú do cromán na gcearc, meirliún, bradán Atlantaigh agus loimpre shrutháin; tionscadal LIFE um Phortaigh Ardaithe na hÉireann; agus tionscadal WISER LIFE maidir leis an dea-chleachtas a fhorbairt d'athúsáid dramhaíola agus ullmhúchán don athúsáid);
- An rath leanúnach ar an gclár um Fheirmeoireacht do Chaomhnú Bhoirne;
- Raon de chláir caomhnaithe speiceas comhoibríocha lena n-áirítear traonach, patraisc bhroinnliath, cnádán, cearc fhraoigh, geabhróg rósach;
- Forbairt ar Rangú Fásra na hÉireann ag BEC Consultanta, arna óstáil ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i gcomhar le NPWS⁴⁷;
- Breis agus 1,700 rannpháirtí ag freastal ar 120 ceardlann bithéagsúlachta eagraithe ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.



▲ Blocáil draenacha ar phortach ardaithe (Maurice Eakin)

Déanann an plean seo, an tríú Plean, forbairt ar an móiminteam ón gcéad dá Phlean agus leanann d'ár mbogadh i dtreo ár bhFíse don Bhithéagsúlacht.

Ba é an t-athbhreithniú eatramhach ar an dara Plean⁴⁸ an pointe tosaithe don fhorbairt ar an tríú Plean. Léirigh an t-athbhreithniú eatramhach, cé go bhfuil roinnt dul chun cinn suntasach déanta, go bhfuil réimsí ann fós ina mbeidh gá le hiarrachtaí méadaithe chun a spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach⁴⁸. Chinn an t-athbhreithniú, as na 102 gníomh, gur cuireadh 24 i bhfeidhm, go raibh 67 idir lámha agus go raibh gá le gníomhú substaintiúil breise i dtaca le 11 cinn. Tá nádúr leanúnach nó oscailte ag 40 de na 102 gníomh. Coinníodh formhór na ngníomhartha a aithníodh mar ghníomhartha leanúnacha nó gníomhartha a raibh tuilleadh oibre de dhíth orthu sa tríú Plean. Rinneadh athbhreithniú ar na gníomhartha seo maidir le hábharthacht agus rinneadh a n-ábhar agus a n-amlínte a nuashonrú dá réir. Sannadh ceannairí freagracha agus príomh-chomhpháirtithe le gach gníomh. Rinneadh gníomhartha a scrúdú ina dhiaidh sin i dtaca le Fís na hÉireann don Bhithéagsúlacht agus cuireadh gníomhartha nua leis dá mba ghá. Tá na gníomhartha go léir bailithe le chéile i dTábla na nGníomhartha.

COMHAIRLIÚCHÁN AGUS MAOIRSEACHT

Próiseas la dhá chéim ab ea an próiseas comhairliúchán do Phlean um Bithéagsúlacht Náisiúnta na hÉireann ina raibh a) comhairliúchán leis an nGrúpa Oibre Bithéagsúlachta agus an Fóram Bithéagsúlachta sa scópáil tosaigh, forbairt agus dréachtadh ar an bPlean, agus b) an dréacht-Phlean a fhaoilsiú ar shuíomh gréasáin NPWS agus cuireadh oscailte do thuairimí ón bpobal. Tá achoimre ar na freagraí ar an bpróiseas comhairliúcháin ar fáil ar npws.ie.

MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT AR CHUR I BHFEIDHM AN PGBN SEO

Is í an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (DCHG) an phríomh-fhoras riaracháin atá freagrach as maoirsiú ar chur i bhfeidhm an Phlean seo agus as comhordú a dhéanamh ar na húdaráis Phoiblí eile, eagraíochtaí neamhrialtais agus eagraíochtaí san earnáil phríobháideach atá páirteach sa phróiseas.

Sa Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta (BWG) tá Ranna, Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile a bhfuil ról acu i gcur i bhfeidhm an Phlean. Soláthróidh an BWG athbhreithniú eatramhach ar an gcur i bhfeidhm in 2019. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo cainníochtú ar chur i bhfeidhm rathúil na straitéise bunaithe ar tháscairí. Cuirtear táscairí molta do gach gníomh i láthair i dTábla na nGníomhartha. Cuireann na táscairí seo foinse thábhachtach d'fhianaise ar fáil don phobal agus do chinnteoirí maidir le riocht, brúnna, agus gníomhartha caomhantais a bhaineann le bithéagsúlacht na hÉireann. Cuidíonn na táscairí freisin le tuairisciú ar dhul chun na hÉireann i dtreo spriocanna bithéagsúlachta náisiúnta, Eorpacha agus domhanda agus Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

Tá ionadaithe ar an bhFóram Bithéagsúlachta ó earnálacha eacnamaíochta éagsúla, eagraíochtaí neamhrialtais, an lucht acadúil agus páirtithe leasmhara eile. Déanfaidh an Fóram monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean agus cuirfidh comhairle ar an Aire dá réir.



Tábla na nGníomhartha

Mar bhrollach ar gach ceann de na seacht gcuspóirí, tugtar téacs míniúcháin agus freisin crostagairt do na spriocanna Bithéagsúlachta Aichi agus Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha. Tá líon spriocanna ag gach cuspóir freisin a chuireann cnuasach de ghníomhartha gaolta le chéile. I dtaca le gach gníomh tá amchlár sonraithe, ceannaire (i gcló trom) agus príomh-chomhpháirtithe a bhfuil freagracht acu as cur i bhfeidhm, agus táscairí feidhmíochta lenar féidir baint amach na ngníomhartha a rianú. Is féidir liosta de na ceannairí agus na comhpháirtithe a fháil in Aguisín I.

Bithéagsúlacht a phríomhshruthú sa phróiseas cinnteoireachta thar gach earnáil

Díríonn Dearbhú Cancun an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht⁴⁹ (CBD, 2016) ar an ngá do rialtais ag na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla príomhshruthú a dhéanamh ar chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta d'fholláine an duine. Is féidir é seo a bhaint amach trí bheartais, pleananna agus cláir earnála agus tras-earnála, chun creat éifeachtach institiúideach, reachtúil agus rialachais a bhunú a áiríonn cur chuige atá cuimsitheach.

Féachann an chéad cuspóir straitéiseach den Phlean seo leis an bpróiseas príomhshruthaithe a neartú. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na hearnálacha ábhartha ceisteanna bithéagsúlachta a chur san áireamh agus beartais agus pleananna oibríochtaí á bhforbairt acu.

Tá dul chun cinn déanta in Éirinn i dtaca leis an mbithéagsúlacht a phríomhshruthú agus coincheap na seirbhísí éiceachórais a thabhairt isteach sa chinnteoireacht ar fud earnálacha. Tá aitheantas ag méadú ar na buntáistí níos leithne a bhaineann le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chur san áireamh, go háirithe, in earnálacha na talmhaíochta, na foraoiseachta, na mara agus na turasóireachta. Mar shampla, aibhsítear rannchuid an chaipitil nádúrtha le hearnáil táirgthe bia na hÉireann trí Food Wise 2025³⁴ agus an tionscnamh Origin Green. Má chloítear le prionsabail na hinbhuanaitheachta agus éifeachtacht i dtáirgeadh bia, bainfear amach buntáistí comhshaoil freisin. Tosaíocht de Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann is ea athbhunú, caomhnú agus feabhsú ar éiceachórais a bhaineann le talmhaíocht. Le seachadadh na Scéime Glaise ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) cuirtear bearta tacaíochta ar fáil mar chúiteamh as tiomantais comhshaoil agus tugtar cuidiú tábhachtach don eanail seo chun an bhithéagsúlacht a chosaint. D'earnáil na mara, leagann an Ciste Eorpach Muirí agus lascaigh reatha béim láidir ar úsáid

inbhuanaithe acmhainní, bithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú agus gluaiseacht i dtreo geilleagair ar bheagán carbóin. Ina theannta sin, tá forbairtí i réimsé an Infreastruchtúir Ghlais á dtionscnamh ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Is éard atá san Infreastruchtúr Glas líonra atá pleanáilte go straitéiseach se limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha le gnéithe comhshaoil eile atá deartha agus bainistithe chun raon leathan de sheirbhísí éiceachórais a sholáhar amhail íonú uisce, cáilíocht aeri, spás áineasa agus maolú agus leasú ar athrú aeráide.

Faoin bPlean seo déantar tuilleadh gníomhaíochta chun feachtas a mhéadú laistigh den earnáil phoiblí maidir le himpleachtaí beartais agus cinntí i dtaca leis an mbithéagsúlacht trí, mar shampla, spriocanna a áiríonn nach mbeidh aon ghlancaillteanas bithéagsúlachta i bpleananna/beartais agus úsáid cuí a bhaint as saineolas éiceolaíochta. Ina theannta sin, cuirfear feabhas ar rannpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach trí Ardán Gnó agus Bithéagsúlachta náisiúnta a bhunú i gcomhréir leis an gComhpháirtíocht Gnó Domhanda de chuid CBD.

Mar a aibhsíodh i bPleananna roimhe seo, tá an gníomh áitiúil an-tábhachtach chun dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta. Ba chóir d'Údaráis Áitiúla athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus Oidhreacht chomh maith lena bPleananna Forbartha agus beartais, agus aird chuí á thabhairt acu ar chosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta. D'fhonn tacú le gníomhú faoi stiúir áitiúil, foilseofar treoir bhreise um bithéagsúlacht d'Údaráis Áitiúla, mar shampla, i dtaca le scagadh do Mheasúnú Cuí d'Údaráis Phleanála, treoir faoin dea-chleachtas i taca le húsáid GIS sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA), i dtaca le measúnacht ar éifeachtaí carnacha agus i dtaca leis an dea-chleachtas san SEA d'fhorbairt infreastruchtúr.

Thar saol an Phlean, leanfaidh Éire de Threoracha tábhachtacha AE a chur i bhfeidhm chun comhshaol agus fiadhúlra na hÉireann a chosaint. I measc na ndualgas faoi na Treoracha um an Dúlra áirítear stádas caomhnaithe fabhrach a fháil, a athbhunú agus/nó a chothabháil do ghnáthóga agus speicis foai chosaint.

Chomh maith leis na Treoracha um Ghnáthóga agus Éin^{17,18}, tá buntáistí suntasacha bithéagsúlachta ón Treoir Réime um Straitéis Mhuirí¹⁹, Chreat-treoir Uisce²⁰, Treoir SEA²³ agus cinn eile nach iad a chur i bhfeidhm. Leis an bhforbairt ar phlean glactha earnála don Bhithéagsúlacht i gcomhréir leis an An Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 tabharfar aghaidh ar an riachtanais chun feabhas a chur ar theacht aniar na bithéagsúlachta i gcoinne athrú aeráide.

Faoi na Treoracha AE um an Dhúlra ní mór d'Éirinn cur le líonra suíomhanna Natura 2000 don chosaint ar ghnáthóga agus speicis na hEorpa (féach Cuspóir 6). Tá sé de rún ag an Rialtas príomhshruathú a dhéanamh ar rianú caiteachais airgeadais a bhaineann le Natura 2000 agus leis an mbithéagsúlacht i gcoitinne, lena n-áirítear nascachtaí leis an gCreat Gnímh Tosaíochta do Natura 2000 (PAF). Uirlis is ea an PAF a úsáideann Ballstáit AE chun maoiniú do Natura 2000 a chomhtháthú in institiúidí airgeadais AE.

Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíteanas Comhshaoil) bunaíodh creat de dhlíteanas comhshaoil bunaithe ar an bprionsabal 'íoc mar a thruaillítear'. In Éirinn, tá an EPA sannta mar údaráis inniúil do ghnéithe uile na Rialachán seo. Déanann na Rialacháin cosc agus leigheas ar dhochar comhshaoil amach trí thabhairt isteach, dualgais tuairiscithe ar oibreoirí i dtaca le dochar comhshaoil atá fíor nó bagartha.

Chomh maith le bheith riachtanach d'ár marthanacht agus folláine, is bunchloch iad éiceachórais shláintiúla do gheilleagar inbhuanaithe. Is féidir le hOlltáirgeacht Intíre (OTI) comharthaí míthreoracha a thabhairt faoi fheidhmíocht eacnamaíoch fhoriomlán agus folláine tíre toisc nach bhfeiceann sí ach ar ioncam, nach bhfuil ann ach comhpháirt amháin den fheidhmíocht eacnamaíochta, agus nach bhféachann sí ar an saibhreas agus na sócmhainní a chuidíonn leis an ioncam seo a ghiniúint. Ina theannta sin, ní léiríonn OTI rannchuid iomlán an chaipitil nádúrtha amhail foraoisí, bogaigh, agus talamh talmhaíochta chun folláine eacnamaíoch tíre. Tá coincheap na cuntasíochta

caipitil nádúrtha tagtha chun cinn le cabhair ó Choimisiún Staitisticiúil na Náisiún Aontaithe den Chóras do Chuntais Comhshaoil agus Eacnamaíochta (SEEA)⁵², a chuireann modh ar fáil atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta chun cuntas a dhéanamh d'acmhainní nádúrtha ábhartha amhail adhmaid agus iascaigh⁵³. Déanfar dul chun cinn sa tomhas agus luacháil ar ghnéithe de bhithéagsúlacht na hÉireann faoin bPlean seo tríd an bhforbairt ar Chlár Sócmhainní Caipitil Nádúrtha agus cuntais caipitil nádúrtha náisiúnta.

Cinneann tuarascáil ón CBD in 2011 ar ról na ndreasachtaí eacnamaíochta i múnú iompraíochta comhshaoil³⁷, má bhaintear fóirdheontais atá ina gcúis le cleachtais a dhéanann dochar don chomhshaoil agus má chuirtear scéimeanna dreasachta chun cinn a chothaíonn cinn dearfacha, féadfaidh siad buntáistí eacnamaíochta agus comhshaoil a chruthú má tá siad comhordaithe agus curtha i bhfeidhm mar is ceart. Féachann an Plean seo le beartais nó cleachtais a aithint a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le díghrádú na bithéagsúlachta (ar a dtugtar saobhdhreasachtaí) agus bearta cuí a aithint chun a chinntiú nach gcuidíonn na "saomhdhreasachtaí" seo le caillteanas bithéagsúlachta.

Tá tacaíocht reachtúil riachtanach chun bonn a chur faoi na gníomhartha a chuidíonn le caomhnú na bithéagsúlachta. Beidh an Plean á neartú le tuilleadh forbartha sa réimse seo, mar sampla trí fhoilsiú reachtaíochta a thugann aghaidh ar na forálacha faoi na Rialacháin AE maidir le speicis ionracha.

Spriocanna Aichi a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Cuspóir 1

Bithéagsúlacht a phríomhshruthú sa phróiseas cinnteoireachta thar gach earnáil

SPRIOC 1.1:

GO DTUIGEANN NA HEARNÁLACHA AR FAD GO HIOMLÁN GO BHFUIL FREAGRACHT CHOMHROINNTE ACU AS AN MBITHÉAGSÚLACHT A CHAOMHNÚ AGUS AS ÚSÁID INBHUANAITHE A BHAINT AS A CUID GNÉITHE, AGUS GO NGNÍOMHAÍONN SIAD DÁ RÉIR

1

CUSPÓIR

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
1.1.1. A ionchorprú sa reachtaíocht an riachtanas do mhachnamh ar thionchair ar an bithéagsúlacht d'fhonn a chinntiú go gcuirtear caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta san áireamh sna pleananna agus cláir ábhartha uile agus reachtaíocht ábhartha nua	2019	DCHG	1. Reachtaíocht ar bun
1.1.2. Bainfidh polasaithe ábhartha na hearnála Poiblí agus Príobháidí úsáid as an dea-chleachtas in uirlisí SEA, AA agus eile chun a chinntiú go mbíonn machnamh ceart ar an mbithéagsúlacht i bpolasaithe agus pleananna	2017-2021	Údaráis phoiblí, earnáil phríobhaideach	1. Luann polasaithe agus pleananna nua go follasach breithnithe faoin mbithéagsúlacht 2. Céatadán de pholasaithe agus pleananna a chuireann bithéagsúlacht san áireamh
1.1.3. Gluaiseann na hÚdaráis Phoiblí go léir agus an earnáil phríobhaideach i dtreo easpa ghlanachailteanas bithéagsúlachta trí straitéisí, pleanáil, bearta maolaithe, fritháireamh cuí agus/nó infheistíocht in infreastuctúr glas/gorm	2017 -2021	Údaráis phoiblí, earnáil phríobhaideach	1. Lón na Ranna/Gníomhaireachtaí a chuireann sprioc d'easpa glanachailteanas i bpleananna agus beartais
1.1.4. Déanfaidh Údaráis Áitiúla athbhreithniú agus nuashonrú ar a bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus Oidhreachta	2017-2021	Údaráis Áitiúla, DHPLG, An Chomhairle Oidhreachta. DBBP	1. Lón na n-oifigeach bithéagsúlachta lánaimseartha sna hÚdaráis Áitiúla 2. Lón na mball foirne atá oilte mar is cuí i gcomhlachtaí poiblí
1.1.5. Déanfaidh Údaráis Áitiúla athbhreithniú agus nuashonrú ar a bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus Oidhreachta	2017-2021	Údaráis Áitiúla, DHPLG, An Chomhairle Oidhreachta. DBBP	1. Lón na bPleananna Bithéagsúlachta agus Oidhreachta a nuashonraíodh 2. Céatadán de phleananna bithéagsúlachta a cuireadh i bhfeidhm
1.1.6. Déanfaidh Údaráis Áitiúla athbhreithniú agus nuashonrú ar a bpleananna agus polasaithe Forbartha le go n-áireoidh siad polasaithe agus cuspóirí chun bithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú	2017-2021	Údaráis Áitiúla, DHPLG	1. Lón na mbearta agus cuspóirí follasacha don bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais i bPleananna Forbartha Contae agus pleananna áitiúla eile in aghaidh an Údaráis Áitiúil

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
1.1.7. Infreastruchtúr Glas a fhorbairt ag leibhéal áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus cuir réitigh dúlra-bhunaithe chun cinn chun líonra soiléir agus comhtháite a sholáthar	2017-2021	Údaráis Áitiúla	1. Líon na réiteach dúlra-bhunaithe a úsáideadh
1.1.8. Leanúint de threoir a tháirgeadh maidir le cosaint na bithéagsúlachta i limistéir ainmnithe, sa mhuir agus sa tuath i gcoitinne d'Údaráis Áitiúla agus eárnálacha ábhartha	2017-2021	DCHG, EPA, Údaráis Áitiúla, An Chomhairle Oidhreachta	1. Líon na gcáipéisí treorach a foilsíodh
1.1.9. Natura 2000 agus rianú caiteachais airgeadais bithéagsúlachta a chomhtháthú i nósanna imeachta bainistíochta na ngníomhaireachtaí íocaíochta de chuid na gClár Oibríochta lena n-áirítear nascacht leis an gCreat Gnímh Tosaíochta 51 agus leis an PGBN seo	2017-2021	Ranna Rialtais ábhartha	1. Caiteachas airgeadais do Natura 2000 a fhoilsiú 2. Líon na gClár Rialtas a thomhasann caiteachas bithéagsúlachta
1.1.10. Clár Sócmhainní Caipitil Nádúrtha agus cuntais caipitil nádúrtha náisiúnta a fhorbairt faoi 2020, agus na cuntais seo a chomhtháthú i bpolasaí agus cinnteoireacht eacnamaíochta.	2017-2021	CSO, IFNC, DCHG	1. Clár Sócmhainní Caipitil Nádúrtha forbartha 2. Cuntais caipitil nádúrtha náisiúnta forbartha 3. Caipiteal nádúrtha comhtháite sa pholasaí eacnamaíochta
1.1.11. Cuntasaíocht caipitil nádúrtha a thionsnamh trí staidéir phíolótacha eárnála agus ar scála beag, lena n-áirítear comhtháthú ar staitisticí comhshaoil agus eacnamaíochta ag baint úsáide as an gcóras Cuntasaíochta Trialach Éiceachórais (SEEA) de chuid na NA	2017-2021	CSO, IFNC, Uisce Éireann DHPLG, EPA, NESC	1. Líon an staidéar píolótacha a cuireadh ar bun 2. Líon na gcuntas náisiúnta a cuireadh i gcrích
1.1.12. Ardán náisiúnta Gnó agus Bithéagsúlachta a bhunú faoi Chomhpháirtíocht Gnó Domhanda CBD	2018	IFNC, BITCI Sustainable Nation	1. Ardán bunaithe

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
1.1.13. A chinntiú go dtáirgeann earnáil na talmhaíochta sochair inbhraite don bithéagsúlacht le béim mhéadaithe ar chaomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta in Origin Green	2018	Bord Bia , Teagasc, DAFM	<ol style="list-style-type: none"> Áiríonn tuarascálacha Origin Green measúnú ar thiocnair agus buntáistí bithéagsúlachta Leibhéal na tacaíochta chun pleananna bainistíochta um ghnáthóg tailte feirme a fhorbairt Modheolaíocht atá bunaithe ar an eolaíocht a fhorbairt chun gnáthóga tailte feirme a mheas Forbairt agus tástáil ar tháscaire bithéagsúlachta i Suirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc Líon na ngnólachtaí Origin Green atá páirteach go gníomhach le gníomhartha bithéagsúlacht eile Tacaíocht do na treoirlínte Gnó agus Feirme um Plean Uile-Éireann um Pailneoirí tríd an Líonra Origin Green
1.1.14. Gníomhartha ó Phlean Glactha Earnála na hÉireann um Bithéagsúlacht agus Athrú Aeráide	2018-2021	Ranna Rialtais ábhartha	<ol style="list-style-type: none"> Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm
1.1.15. Bearta a shainaithint agus a dhéanamh lena chinntiú nach gcuidíonn dreasachtaí agus fóirdheontais le caillteanas bithéagsúlachta, agus bearta dreasachta dearfacha a fhorbairt, más gá, chun cuidiú le caomhnú na bithéagsúlachta	2017-2019	Ranna Rialtais ábhartha	<ol style="list-style-type: none"> Beartais agus cleachtais a ghineann dreasachtaí saobha aitheanta Líon na mbeartas um athchóiriú a dearadh agus a cuireadh i bhfeidhm
1.1.16. Meicníochtaí a bhunú agus a chur i bhfeidhm d'íocaíochtaí seirbhísí éiceachórais lena n-áirítear stoic carbóin, chun ioncam méadaithe a ghiniúint do chaomhnú agus athbhunú bithéagsúlachta	2020	Ranna Rialtais ábhartha	<ol style="list-style-type: none"> Líon na meicníochtaí d'íocaíochtaí seirbhísí éiceachórais
1.1.17. Plean Náisiúnta Airgeadais Bithéagsúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun leagan amach go mionsonrach conas a déanfar gníomhartha agus spriocanna an PGBN seo a sheachadadh ó 2017 agus ina dhiaidh sin	2017-2021	DCHG, BWG	<ol style="list-style-type: none"> Plean Náisiúnta Airgeadais Bithéagsúlachta déanta

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
1.1.18. Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean seo	2017-2021	BWG, Fóram Bithéagsúlachta	1. Líon na gcruinnithe den BWG 2. Tinreamh na n-ionadaithe ó ranna agus gníomhaireacht 3. Stádas na dTáscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta a rianú 4. Tuarascáil eatramhach déanta

SPRIOC 1.2:
REACHTÁIOCHT NEARTAITHE A THACAÍONN LE DUL I NGLEIC LE CAILLTEANAS BITHÉAGSÚLACHTA IN ÉIRINN

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
1.2.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha agus bearnaí a shainaithint	2020	DCHG	1. Athbhreithniú foilsithe
1.2.2. Na hAchtanna um Fhiadhúlra a chomhdhlúthú i mBille nua	2019	DCHG	1. Athbhreithniú ar an reachtaíocht atá ann cheana foilsithe
1.2.3. Athbhreithniú a dhéanamh ar an Ordú um Fhlóra (Cosaint) agus Sceideal 5 den Acht um Fhiadhúlra i bhfianaise fhoilsiú an Liosta Dearg do Phlandaí Soithíocha agus Liostaí Dearga réigiúnacha agus domhanda eile.	2018	DCHG	1. Athbhreithnithe ar an Ordú um Fhlóra (Cosaint) agus Sceideal 5 den Acht um Fhiadhúlra
1.2.4. A chinntiú go gcuirtear chun feidhme forálacha éagsúla an Achta Foraoiseachta 2014 chun bithéagsúlacht agus an comhshaol i gcoitinne a chosaint ar thosach feidhme an Achta	2018	DAFM	1. Orduithe um thosach feidhme d'fhorálacha uile an Achta
1.2.5. Reachtaíocht a fhoilsiú chun déileáil le forálacha riachtanacha faoin Rialachán AE maidir le maidir le speiceas coimhthíoch ionrach (Uimh.. 1143/2014) agus ar fhreagrachtaí agus cumhachtaí i dtaca le speiceas coimhthíoch ionrach, a thugann freagracht do IFI as speiceas ionrach uisce	2017	DCHG, DCCAE, IFI	1. Reachtaíocht foilsithe
1.2.6. Daingniú a dhéanamh ar Phrótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Comhroinnt Chothrom agus Chothromasach na Sochar a eascraíonn óna nÚsáid leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus rialachán riachtanacha a achtú	2018	DCHG	1. An Prótacal daingnithe 2. Rialachán achtaithe
1.2.7. Reachtaíocht a fhoilsiú chun bunús dlíthiúil a sholáthar do Pháirceanna Náisiúnta	2020	DCHG	1. Reachtaíocht foilsithe



Neartú a dhéanamh ar an mbonn eolais faoi bhainistiú caomhantais agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta

Tógfaidh an Plean seo ar a bhfuil bainte amach ag an dara Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta trí aghaidh a thabhairt ar réimsí a bhfuil suirbhé agus taighde fós le déanamh orthu chun ár mbonn eolais bithéagsúlachta a neartú agus chun treoir a thabhairt don chinnteoireacht.

Tá eolas eolaíochtúil cothrom le dáta riachtanach do mheasúnú oilte ar stádas na bithéagsúlachta, do léargas ar na cúiseanna le caillteanas na bithéagsúlachta agus don fhorbairt ar bheartais agus bealaí chun caillteanais a stopadh nó a chur ar chúl. Le linn na tréimhse den dara Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (2011-2016) bhí feabhas suntasach ar ár gcuid eolais faoin gcaomhnú ar speicis agus gnáthóga. Rinneadh tionscadail mhóra taighde i réimsí na foraoiseachta, na talmhaíochta agus scéimeanna um chomhshaoil na talmhaíochta, éiceachórais mhuirí, agus athrú aeráide. Rinneadh méid suntasach de mhonatóireacht, measúnú agus taighde chun ceanglais a chomhlíonadh faoi Chreat-Treoracha AE i dtaca le Gnáthóga, Éin, Straitéis Mhuirí agus Uisce. Foilsíodh an tuarascáil náisiúnta ar stádas caomhantais speiceas agus gnáthóg leasa AE in 2013²⁷. Foilsíodh seacht Liosta Dearg idir 2011 agus 2016 do speicis de: leamhain mhóra⁵⁵, cuileanna Bhealtaine³², caonaigh agus aelusanna⁵⁶, plandaí soithíocha⁵⁷, amfaibiaigh, reiptílí agus éisc fhionnuisce²⁶, éisc loingeánacha⁵⁸ agus snáthaidí móra²³. D'fhoilsigh NPWS Lámhleabhair Fhiadhúlra ar raon de thopaicí lena n-áirítear teicnící monatóireachta agus suirbhé do speicis agus gnáthóga⁵⁹, chomh maith le mapáil agus measúnú ar éiceachórais agus a seirbhísí¹⁶. Tá litríocht bhunaidh foilsithe ar idirghníomhaíochtaí idir gníomhaíochtaí sa mhuir agus gnáthóga agus speicis shainithe⁶⁰. Tá córas bainistíochta sonraí imlíne ("Mapaí Bithéagsúlachta") bunaithe anois ina ndéantar sonraí bithéagsúlachta a thiomsú, a stóráil agus a chur ar fáil⁶¹. Rinneadh dul chun cinn ar mhapaí gnáthóige do chomhshaoil mhuirí agus talún agus cuireadh

tús leis an scéim Náisiúnta um Rangú Fásra⁴⁷.

Leanfaidh Éire de thacú agus spreagadh a thabhairt do líonra na n-oibrithe deonacha a bhfuil ról chomh tábhachtach sin acu i scéimeanna taifeadta bitheolaíochta.

Tá sonraí comhshaoil á gcur ar fáil trí chur i bhfeidhm na Treorach INSPIRE, agus más cuí, trí thairseach oscailte rialtas na hÉireann (data.gov.ie) a tugadh chun cinn le linn thréimhse an dara Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta. Leanfaidh Éire de chaighdeán sonraí choitinne a chur i bhfeidhm, chomh maith le nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta, chun ligean do na sonraí a bheith úsáidte ar chúiseanna iolracha.

Aithníonn Éire an luach atá le monatóireacht fhadtéarma ar speicis agus gnáthóga chun sonraí a ghiniúint a rianann athrú bithéagsúlachta thar am agus déanann sí tiomanta le leathnú ar líonra na scéimeanna monatóireachta fadtéarma. Féadfaidh úsáidí na dtáscairí bithéagsúlachta ag an leibhéal náisiúnta na nithe seo a áirithiú: tuairisciú, cinnteoireacht, bainistíocht comhshaoil, agus oideachas. Déanfar an cnuasach reatha de Tháscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta a fhorbairt chun táscairí maidir le riocht, brú agus freagairt a chuimsiú d'fhonn cuidiú leis an measúnú ar ghealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta na hÉireann i dtaca leis an mbithéagsúlacht faoi 2020.

D'ainneoin dul chun cinn ar ár dtuiscint ar bithéagsúlacht na hÉireann agus an idirghaolmhaireacht, tá easnamh ar bhunscoileanna agus eolas tacsanomaíoch do neart grúpaí tacsanomaíocha⁷.

D'fhoilsigh an tArdán Náisiúnta do Thaighde Bithéagsúlachta moltaí taighde do speicis talmhaíochta agus ithreach⁶², fionnuisce⁶³, muirí⁶⁴, tailte portaigh⁶⁵, agus speicis ionracha⁶⁶. Tá straitéis taighde EPA do 2014-2020⁶³ dírithe ar athrú aeráide, uisce agus inbhuanaitheacht. D'fhoilsigh DAFM Plean

2

CUSPÓIR

Taighde Straitéiseach d'earnáil na foraoiseachta suas le 2017 agus áiríonn sé seo scóip (faoi Théama 3.6) do thaighde ar choillearnaigh, foraoisí agus seirbhísí éiceachórais gaolmhara, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bithéagsúlacht agus uisce⁶⁸. Díríonn plean taighde na hearnála agraibhia (SHARP)⁶⁹ ar tháirgeadh inbhuanaithe agus é ag tacú le cur i bhfeidhm an Treoir-Chreata Uisce (WFD) agus an Treoir-Chreata um Straitéis Muirí (MSFD) agus aidhmeanna bithéagsúlachta.

Tá comhdhearcadh ann i measc eolaithe go dtéann athrú aeráide i gcion ar bhithéagsúlacht agus gur dócha go mbeidh sé ar cheann de na cúiseanna is suntasaí le caillteanas bithéagsúlachta faoi dheireadh an chéid⁷⁰. Tá tuilleadh eolais de dhíth maidir le tionchair an athrú aeráide ar sheirbhísí éiceachórais agus maidir leis an ról a bhíonn ag bithéagsúlacht agus gnáthóga ar mhaolú agus oiriúnú don athrú aeráide. Mar shampla, má chosnaítear an bhithéagsúlacht féadfar teorainn a chur le tiúis de ghás ceaotha teasa toisc gur stóir mhóra carbóin iad foraoiseacha, tailte portaigh agus gnáthóga eile. Ina theannta sin, is féidir éiceachórais shláintiúla, e.g. bogach ar an gcósta, a úsáid mar bhac ar chreimeadh cósta. Ba chóir go mbeadh cuir chuige éiceachórais mar chuid lárnach den iarracht maolaithe agus oiriúnaithe.


Chun treoir a thabhairt don chlár oibre taighde bithéagsúlachta sa todhchaí, déanfar an tArdán Náisiúnta do Thaighde Bithéagsúlachta de chuid an Rialtais, an lucht acadúil agus na n-institiúidí taighde a athbhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais taighde bithéagsúlachta in 2019. Leanfar den chlár taighde foraoiseachta maidir le bithéagsúlacht foraoise, cuntasaíocht carbóin, agus idirghníomhaíocht an athrú aeráide agus córais foraoise, agus foilsíodh Straitéis Taighde Muirí in 2017. Tá tábhacht an taighde sa luacháil ar sheirbhísí éiceachórais aitheanta agus tá an topaic corpraithe sa chlár taighde STRIVE de chuid EPA.

Spriocanna Aichi a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:





Cuspóir 2

Neartú a dhéanamh ar an mbonn eolais faoi bhainistiú caomhantais agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta

SPRIOC 2.1:

MAR THORADH AR EOLAS FAOI SHEIRBHÍSÍ BITHÉAGSÚLACHTA AGUS ÉICEACHÓRAIS TÁ ÁR GCUMAS LE CAOMHNÚ, BAINISTÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS HÚSÁID INBHUANAITHE A CHINNTIÚ MÉADAITHE GO MÓR FAOI 2021.

2

CUSPÓIR

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí Feidhmíochta
2.1.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais taighde don bithéagsúlacht in 2019	2019	EPA, DCHG, Lucht Acadúil agus Institiuidí Taighde, eENRanna, Gníomhaireachtaí Rialtais	1. Athbhreithniú ar riachtanais taighde bithéagsúlachta foilsithe
2.1.2. Scéin rangaithe a fhorbairt do phobail fásra talúna agus muirí agus fionnuisce	2020	DCHG, NBDC	1. Líon na bpobal fásra/muirí rangaithe
2.1.3. Cuir mapaí náisiúnta do ghnáthóga talún, cumhdach talún, úsáid talún agus seirbhís éiceachórais i gcrích	2021	DCHG, OSI, EPA, An Chomhairle Oidhreachta, Teagasc, DAFM	1. Caighdeáin sonraí comhaontaithe 2. Mapaí gnáthóige déanta agus curtha ar fáil 3. Fairsinge an limistéir atá mapaílte 4. Mapaí forbartha agus curtha ar fáil le húsáid
2.1.4. Caighdeáin choitinne sonraí agus nósanna imeacht um dhearbhu cáilíochta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Treoir INSPIRE agus cinntiú go mbíonn sonraí agus mapáil maidir le speicis agus gnáthóga atá tearc, faoi bhagairt agus faoi chosaint ar fáil go réidhe	2020	DCHG, Foras na Mara, EPA, an Chomhairle Oidhreachta, NBDC, DPER	1. Líon na dtacar sonraí foilsithe agus ar oscailt do chaighdeáin chomh-inoibritheacha 2. Líon na dtacar sonraí úsáidte i bhfearainn éagsúla (e.g. páipéir taighde, táirgí mapála)
2.1.5. Tacú le taighde ar luachálacha eacnamaíochta agus sochaíocha agus luachálacha neamh-eacnamaíochta ar sheirbhísí agus buntáistí éiceachórais agus ar an gcaoi ina gcuireann bithéagsúlacht bonn faoi na luachanna seo	2017-2021	EPA, DCHG, DAFM, IFNC, NESC, CSO, An lucht acadúil agus eagraíochtaí taighde, BnM	1. Líon na dtograí taighde ábhartha curtha ar bun

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí Feidhmíochta
2.1.6. Measúnuithe a dhéanamh ar stádas, treochtaí agus dáileadh ghnáthóga agus speicis leasa uile an AE agus gnáthóga agus speicis bhreise a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach leo	2017-2021	DCHG, EPA, IFI, NBDC, An Lucht Acadúil agus Institiúidí Taighde, eENRanna	<ol style="list-style-type: none"> 1. Tuarascálacha ar stádas ghnáthóga agus speicis leasa an AE 2. Leibhéal maoinithe don mhonatóireacht ar ghnáthóga agus speicis leasa an AE 3. Líon na suirbhéanna ar ghnáthóga agus soeicis a rinneadh 4. Líon na liostaí le Sonraí Dearga
2.1.7. Tacaíocht agus spreagadh do líonra na n-oibrithe deonacha agus pobail áitiúla taifeadadh bitheolaíochta a dhéanamh agus aon tionscadail eolaíochta eile do shaoránaigh	2017-2021	Ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha, NBDC, eENRanna, Grúpaí pobail	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na dtaifead a chuirtear isteach 2. Líon na rannpháirtithe in eagraíochtaí deonach 3. Líon na dtionscadal ina mbailítear sonraí ag eolaithe saoránach
2.1.8. A chinntiú go ndírítear go héifeachtach ar dheiseanna ar chómhaoiniú idirnáisiúnta chun cuidiú le cur i bhfeidhm an PGBN seo trí chomhairliúchán idir maoinitheoirí, taighdeoirí agus úsáideoirí taighde	2017-2021	DCHG, DCCAE, EPA, An Lucht Acadúil agus Institiúidí Taighde	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na gclár maoinithe comhoibríocha idirnáisiúnta ina bhfuil Éire ina comhpháirtí 2. Líon agus luach na ndeontas a fuarthas
2.1.9 Feabhas a chur ar eolas faoi na cúiseanna díreacha agus indíreacha is suntasaí atá le caillteanas na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais lena n-áirítear ábhair struis le chéile agus charnacha; roghanna coisc agus maolaithe a fhorbairt agus a thástáil	2017-2021	DCHG, An Lucht Acadúil agus Institiúidí Taighde, EPA, DAFM, DCCAE, DHPLG	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na gclár taighde ábhartha 2. Líon na bpáipéar agus tuarascálacha taighde foilsithe
2.1.10. Leanúint den chlár taighde foraoise ar bithéagsúlacht foraoise, an soláthar ar sheirbhísí éiceachórais níos leithne (e.g. cosaint ar uisce), cuntasaíocht carbóin agus an idirghníomhaíocht de chórais um athrú aeráide agus foraoise	2017-2021	DAFM, COFORD, Seirbhís Foaraoise, An Lucht Acadúil agus Institiúidí Taighde	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na bpáipéar agus tuarascálacha taighde foilsithe 2. Leibhéil mhaoinithe

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí Feidhmíochta
2.1.11. Forbairt agus cothabháil ar na hacmhainní daonna, córais agus infreastruchtúr atá de dhíth chun na heiseamail bitheolaíochta a shainaithint, a fháil agus a thiomsú atá mar bhunús le heolas tacsanomaíoch trí chlár oiliúna	2017-2021	Lucht Acadúil agus Institiuidí Taighde, DCHG, Garraithe Náisiúnta na Lus, NBDC, CIEEM, BSBI	1. Líon na gcúrsaí oiliúna 2. Líon na dtacsanomaithe cáilithe
2.1.12 Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla de shuirbhéanna ar na fálta sceach	2017-2021	Údaráis Áitiúla, DCHG, DHPLG, Woodlands of Ireland, NBDC, HLAI	1. Fad na bhfálta sceach ar a rinneadh suirbhé
2.1.13. Measúnuithe Liosta Dearg a dhéanamh do ghrúpaí tacsanomaíocha (ar féidir sonraí imleor a bhailiú dóibh) agus measúnuithe Liosta Dearg atá ann cheana a athdhéanamh ag eatraimh chuí	2017-2021	DCHG, DAERA, NBDC, CEDaR, IFI	1. Líon na Liostaí Dearga déanta
2.1.14. Forbairt a dhéanamh ar mheasúnuithe Liosta Dearg chun speicis a shainithint do thosaíocht caomhantais agus chun bearnaí eolais a shainithint do na speicis tosaíochta sin	2017-2021	DCHG, NBDC , IFI,	1. Líon na Liostaí Dearga críochnaithe próiseáilte chun speicis tosaíochta a shainaithint
2.1.15. Sainaitheantas agus mapáil ar Phríomhlimistéir Bithéagsúlachta (KBAanna) a bhfuil tábhacht náisiúnta leo. de chríocha talún agus mara na hÉireann, lena n-áirítear Limistéir Mara a bhfuil Tábhacht Éiceolaíochta nó Bitheolaíochta leo (EBSAanna)	2017-2021	NBDC, DCHG, Marine Institute, DAFM, DCCAE	1. Líon na KBAanna/EBSAanna sainaitheanta
2.1.16. Cuir riachtanais taighde in ord tosaíochta ag éirí ar an bPlean Glactha Earnála um Bithéagsúlacht agus Athrú Aeráide	2017-2021	EPA, DCCAE, Lucht Acadúil agus Institiuidí Taighde, DCHG, Foras na Mara	1. Number of long-term datasets on climate change impacts

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí Feidhmíochta
2.1.17. Scéimeanna monatóireachta fadtéarma a spreagadh chun rianú a chumasú ar athrú bithéagsúlachta thar am	2017-2021	DCHG , NBDC, EPA, Lucht Acadúil agus Institiúidí Taighde, relevant eENRanna	1. Líon na mbunachar sonraí monatóireachta fadtéarma
2.1.28. Taighde a dhéanamh ar an mbagairt atá ann do bithéagsúlacht muirí na hÉireann ó bhrúscar mara lena n-áirítear micreaphlaistigh, aigéadú aigéin agus torann	2017-2021	An Lucht Acadúil agus Institiúidí Taighde , DCHG, EPA, SFI, Foras na Mara	1. Líon na bpáipéar agus tuarascálacha foilsithe 2. Líon na dtionscadal taighde a cuireadh i gcrích agus torthaí foilsithe 3. Leibhéal maoinithe
2.1.19. An Straitéis Taighde Muirí a nuashonrú	2017	Foras na Mara, DAFM	1. Straitéis Taighde Muirí nuashonraithe
2.1.20. Scrúdaigh fritháirimh bithéagsúlachta mar bhealach chun glanchailteanas bithéagsúlachta a sheachaint faoin bPlean seo agus mar fhoinsé ioncaim do chaomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta	2018	DCHG, DHPLG	1. Athbhreithniú foilsithe
2.1.21. Fiosrú a dhéanamh faoi réimsí/ionstraimí agus cumasóirí cánach a d'fhéadfaí a fhorbairt chun maoiniú bithéagsúlachta/caomhantais ag an earnáil phríobhaideach a thiomsú	2017-2021	Lucht Acadúil, institiúidí taighde, comhlachtaí poiblí ábhartha	1. Líon na n-ionstraimí/gcumasóirí cánach a aithníodh
2.1.22. Taighde a dhéanamh agus eolas a bhailiú maidir le himpleachtaí bithéagsúlachta de bhitheolaíocht shintéiseach agus teicnící nua géiniteacha mar threoir do shaincheisteanna polasaí agus rialála	2017-2021	Lucht Acadúil, institiúidí taighde, comhlachtaí poiblí ábhartha	1. Líon na bhfoilseachán ábhartha
2.1.23 Spreagadh a thabhairt d'úsáid na teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn, go háirithe sa taighde ar bharrachódú agus géanóm chun eolas ábhartha a fháil ar speicis Éireannacha	2017-2021	Lucht Acadúil, institiúidí taighde, comhlachtaí poiblí ábhartha	1. Líon na bhfoilseachán ábhartha
2.1.24. Tógáil ar na Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta chun táscairí riochta, brúnna, agus freagraí a fhorbairt chun measúnú a cheadú ar thiomantais bithéagsúlachta náisiúnta agus idirnáisiúnta na hÉireann faoi 2020, lena n-áirítear é seo, an 3ú Plean Náisiúnta um Bithéagsúlacht, Straitéis Bithéagsúlachta an AE, an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe	2019	NBDC , DCHG	1. Líon na dtáscairí oibríochta

3

CUSPÓIR

Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais

Beidh feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar shaincheisteanna bithéagsúlachta tábhachtach chun iompraíocht onghníomhach a mhéadú agus chun na comhlachtaí ábhartha uile a mhealladh le bheith páirteach sna gníomhartha a luaitear san Phlean seo. Beidh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara rithábachtach chun na spriocanna a bhaint amach agus, dá bhrí sin is í an aidhm a bheidh ann ná feabhas a chur ar oiliúint, cumarsáid, comhoibriú agus gníomh comhbheartaithe idir na hearnálacha ábhartha go léir, (rialtas, úinéirí talún, gnó, feirmeoireacht, foraoiseacht, pobail eolaíochta agus caomhantais, etc.) ag tacú le caomhnú na bithéagsúlachta. Ní mór dó seo a bheith ina phróiseas dhébhealaigh agus tá sé riachtanach freisin go mbeadh tuiscint agus meas ag cleachtóirí caomhnaithe ar na riachtanais agus mianta atá ag úinéirí talún, na pobail tuaithe agus gnólachtaí.

Léiríonn na torthaí Eurobarometer ó 2007⁷¹, 2013⁷², agus 2015⁷³ tacaíocht láidir ó phobal na hÉireann agus na hÉorpa do chaomhnú na bithéagsúlachta agus na seirbhísí a chuireann sí ar fáil. Sa bhliain 2015, áfach, bhí 35% de mhuintir na hÉireann ar a cuireadh agallamh do Eurobarometer nár chuala riamh faoin téarma bithéagsúlacht agus ba mhaith le breis agus 90% eolas níos fearr a bheith acu faoi thábhacht na bithéagsúlachta⁷³.

Tá líon méadaithe de ghníomhaíochtaí a bhaineann le méadú ar fheasacht agus ar thuiscint faoin mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais. Mar shampla, ó cuireadh téama na bithéagsúlachta leis an gclár Scoileanna Glasa in 2010, tá brat bithéagsúlachta bronnta ar bhreis agus 600 scoil. Oibríonn Green Campus agus Neat Streets do dlúth le



Togra portaigh Mhainistir Laoise – rannpháirtíocht an phobail



➡ Ócáid Bhliantúil Taipeadóirí an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (Liam Lysaght)

scoileanna dara leibhéil agus leis an tríú leibhéal, faoi seach. Tá líon na n-iontrálacha i gcatagóir Bitheolaíochta agus Éiceolaíochta de Thaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT méadaithe ó 221 iontráil sa bhliain 2002 go 604 iontráil sa bhliain 2017. Tá clár oideachais do bhunscoileanna ag Bord na Móna ar a dtugtar Eco-Rangers agus eagraíonn BurrenBeo Trust an clár Ecobeo, clár do bhunscoileanna i mBoirinn. Eagraíonn Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann (IPCC) turais scoile oideachasúla, cuairteanna, staidéir allamuigh agus ceardlanna oiliúna do mhúinteoirí agus freisin foilsíonn siad acmhainní éagsúla oideachais ar a suíomh gréasáin. Ritheann IFI 'Something Fishy' – clár oideachais do bhreis agus 100 bunscoil gach bliain. Tá clár oideachais ag roinnt de na Páirceanna Náisiúnta a thugtar do na mílte páiste scoile gach bliain agus tá sraith de chlár oideachais forbartha ag EPA lena n-áirítear paca ilmheáin don Tíreolaíocht sa tSraith

Shinsearach. D'fhorbair Foras na Mara Clár Oideachais na dTaiscéalaithe chun obair le breis agus 15,000 dalta bunscoile le linn 2017 ó bhreis agus 10 gcontae ar an gcósta a chothaíonn litearthacht aigéin agus feasacht ar bithéagsúlacht muirí. Soláthraíonn zúnna agus uisceadáin na hÉireann cláir oideachais i dtaca le bithéagsúlacht freisin. Ina theannta sin, tá an tAonad Oideachais Comhshaoil de chuid an Taisce ag tabhairt isteach an chlár idirnáisiúnta Learning About Forests (LEAF) go hÉirinn.

Ní mór feasacht agus meas méadaithe a leathnú amach ón gcóras oideachais chuig an bpobal i gcoitinne. Tá aird dírithe ag Coillte Éireannacha ar acmhainn dhúchasach coillearnach na hÉireann agus chothaigh siad bainistíocht agus cruthú na coillearnaí go náisiúnta. Ceann de na seacht gcatagóir do ghradam na mBailte Slachtmhara is ea 'Fiadhúlra, Gnáthóga,

agus Áiseanna Nádúrtha' agus anois tá dhá ghradam speisialta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht (Gradam an Phailneora agus Gradam Thionscadal na gCrann). Ba í 2016 an chéad bhliain de Ghradam an Phailneora agus bhí 57 iontráil air. Beidh tábhacht le tionscnaimh ag leibhéal an phobail freisin chun cuspóirí an Phlean seo a sheachadadh. Sampla de seo is ea Pobail Ghlasa an Taisce atá ag tacú le líonra de 30 grúpa pobail ó 2008. Sa bhliain 2017 cuirfidh Pobail Ghlasa tús le hOiliúint Pobail Comhshaoil laistigh de Chontae Luimnigh agus beidh Grúpaí na mBailte Slachtmhara, Comhairlí Pobail, Cumainn Áitritheoirí, Gairdíní Pobail, agus grúpaí deonacha eile ag gabháil d'oiliúint phraiticiúil comhshaoil. Cuirfear an oiliúint seo ar fáil mar chuid de thogra dhá bhliain ina bhfuil bithéagsúlacht agus arthú aeráide. Oibríonn Business in the Community Ireland (BITCI) leis an earnáil phríobháideach chun méadú a dhéanamh ar fheasacht agus tuiscint ar an tábhacht atá le bithéagsúlacht a leabú ina gcinnteoireacht.

Tá sé fógartha ag na Náisiúin Aontaithe gurb é an 22 Bealtaine Lá Idirnáisiúnta na Bithéagsúlachta chun tuiscint agus feasacht ar chúrsaí bithéagsúlachta a mhéadú. Bíonn líom mór d'ócáidí ann in Éirinn timpeall an ama sin lena n-áirítear Seachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann (eagraiteh ag NPWS agus Líonra Comhshaoil na hÉireann), Bioblitz (eagraithe ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta), agus ócáidí áitiúla eile amhail Seachtain Bithéagsúlachta Chill Dara.

Éilíonn cumarsáid éifeachtach go gcuirfear an t-eolas in oiriúint do lucht éisteachta lárnach agus go mbainfear úsáid as na meáin chuí (e.g. gréasán-bhunaithe, raidió, teilifís etc.) chun na teachtaireachtaí seo a chomhroinnt. Mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean seo, samhlófar feachtas cumarsáide atá dírithe ar thacú le tuiscint phoiblí agus earnála ar luach na bithéagsúlachta.

Spriocanna Aichi a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaíthe a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



(Lorcan Scott)

Cuspóir 3

Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais

SPRIOC 3.1:

TUISCINT FHEABHSAITHE AG LUCHT DÉANTA BEARTAS, AG PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AG AN BPOBAL I GCOITINNE AR LUACH NA BITHÉAGSÚLACHTA AGUS SEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí Feidhmíochta
3.1.1. Comhairliúchán a dhéanamh le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara chun cuidiú le cuspóirí an phlean seo a bhaint amach	2017-2021	Ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha, eENRanna, grúpaí pobail lena n-áirítear CWF, agus SECAD	1. Comhairliúchán déanta le grúpaí pobail
3.1.2. Feabhas a chur ar oiliúint, cumarsáid, comhoibriú agus gníomh comhbheartaithe idir na hearnálacha ábhartha ag tacú le caomhnú na bithéagsúlachta	2021	Ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha, eENRanna agus grúpaí pobail	<ol style="list-style-type: none"> 1. Cúrsaí a bhunú agus a sholáthar ag leibhéil éagsúla NFAQ, inrochtana ar fud na tíre 2. Cuairteanna ar nithe oidhreacht nádúrtha is díol spéise 3. Líon na n-ócáidí lae a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus líon na ndaoine Éireannacha atá páirteach. 4. Líon na ndaoine ar a rinneadh suirbhé trí Eurobarometer a raibh an téarma 'bithéagsúlacht' tuigte acu 5. Líon na ngrúpaí pobail áitiúla páirteach i dtionscnaimh caomhnaithe 6. Líon na gcúrsaí oiliúna
3.1.3. Feasacht a mhéadú in eagraíochtaí san earnáil phríobhaideach faoi thionchair agus spleáchais ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais	2017-2021	Eagraíochtaí san earnáil phríobhaideach , IFNC, BITCI, Ibec, ISME, IFA, IOOA, Sustainable Nation	<ol style="list-style-type: none"> 1. Saincheisteanna bithéagsúlachta tuairiscithe i dtuairisciú neamh-airgeadais 2. Tá treoirlínte agus uirlisí tacaíochta ar fáil mar threoir do ghníomh san earnáil phríobhaideach

3

CUSPÓIR

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí Feidhmíochta
3.1.4. Tacú le táirgí raidió, teilifíse, gréasán-bhunaithe agus meáin eile a leagann béim ar, nó atá dírithe ar, chur i láthair na bithéagsúlachta, a tábhacht, agus dúshlán reatha nó amach anseo		DCHG, DCCAE, EPA, an Chomhairle Oidhreachta, NBDC, Lucht Acadúil, eENRanna	1. Líon na dtáirgí meán atá dírithe ar an mbithéagsúlacht
3.1.5. Tionscnamh um Ghradaim Bithéagsúlachta a bhunú ar fud an oileáin ina ndéanann tionscadail nó grúpaí áitiúla, earnála agus oideachais le fócas ar “fheabhsú bithéagsúlachta” iomaíocht do dhuaisianna nuálaíochta a thacóidh lena n-obair leanúnach agus a thabharfaidh spreagadh d’fheasacht agus rannpháirtíocht an pbobail	2018	DCHG, DAERA	1. Tionscnamh um ghradaim bithéagsúlachta bunaithe
3.1.6. Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chur san áireamh i gcúrsaí ábhartha san oideachas bunscoile, iarbhunscoile agus tríú leibhéal	2018-2021	DES, Lucht Acadúil agus Institiuidí Taighde, DCHG, An Taisce, eENRanna, an Chomhairle Oidhreachta	1. Áireamh na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais sa churaclam bunscoile agus iarbhunscoile 2. Líon na scoláirí ag gabháil don eolaíocht nó don bhitheolaíocht ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus an Sraithe Sinsearaí faoi seach 3. Líon na mac léinn ag staidéar topaici a bhaineann leis an mbithéagsúlacht ag an tríú leibhéal
3.1.8. Feachtas cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar thacaíocht le tuiscint phobail agus earnála ar luach na bithéagsúlachta agus cur i bhfeidhm iomlán an PGBN seo	2020	Ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha, Údaráis Áitiúla	1. Líon na dtagairtí sna meáin don seoladh, gnóthachtálacha agus gníomhartha amach anseo 2. Aimsiú sna meáin thiomanta (cé mhéad duine a aimsítear) 3. Líon na mball foirne DCHG atá ainmnithe mar oifigigh cumarsáide 4. Líon na n-ócáidí i Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta 5. Eurobarometer
3.1.8. Caidreamh a dhéanamh le húinéirí talún, earnála feirmeoireachta agus dogharshaothraithe chun tairbhí an chaomhnaithe agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn	2021	DCHG, DAFM, DHPLG, Foras na Mara, Teagasc, tograí LIFE, grúpaí d’ionadaithe feirmeoirí agus eENRanna	1. Leibhéal na tuisceana ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta ag grúpaí úinéirí talún agus úsáideoirí talún maidir le bearta chun tacú le bithéagsúlacht

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa tuath níos leithne

Is faoin tuath i gcoitinne atá formhór na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais againne, agus tá brúnna iolracha orthu. Dar le tuarascáil na hÉireann chuig an AE maidir le riocht na ngnáthóg agus na speiceas leasa AE, is iad seo a leanas na príomhbhrúnna agus bagairtí don bithéagsúlacht: dianshaothrú talmhaíochta, leasuithe ar chóras nádúrtha (draenáil, dó, míntíriú, cosaint cósta), speicis ionracha agus fadhbacha, agus cur isteach agus corraíolacha daonna²⁷.

I measc na bhfreagraí ar na brúnna seo ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais tá Treoracha AE um Uisc, Gnáthóga, Éin, agus Níotráití, Rialachán ar Speicis Choimhthíocha Ionracha, agus athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP). Léiríonn monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm na mbeartas seo go bhfuil dul chun cinn substaintiúil déanta cé go bhfuil neart fós le déanamh chun bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athshlánú faoin tuath i gcoitinne. Ag leibhéal náisiúnta, áiríonn na príomhbheartais reatha chun déileáil le meatha sa bithéagsúlacht faoin tuath i gcoitinne: an Clár Forbartha Tuaithe (RDP) a dhéanann soláthar do scéimeanna um chomhshaol na talmhaíochta ⁴³, an Straitéis Náisiúnta do Thalamh Portaigh⁴⁵, agus an Ciste Eorpach Muirí agus lascaigh.

Déanfaidh an Plean seo forbairt ar na gnóhachtálacha a rinneadh go dtí seo chun bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais na hÉireann a chosaint agus a athshlánú. Díríonn Sprioc 4.1 ar ról na mbeartas agus na straitéisí i dtaca le talmhaíocht, forbairt tuaithe, foraoiseacht agus tailte portaigh atá rithabhachtach freisin chun Cuspóir 6 a bhaint amach. Tosaíocht lárnach de chuid RDP na hÉireann is ea athshlánú, caomhnú agus feabhsú ar éiceachórais a bhaineann le talmhaíocht agus foraoiseacht forestry. Leanfaidh Éire d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm scéimeanna um chomhshaol na



talmhaíochta amhail an Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) agus Scéimeanna do Chomhshaol na Talmhaíochta faoi cheannas áitiúil (LLAES) agus a chinntiú go mbaintear amach glanghnóthachan intomhaiste do bithéagsúlacht.

Tá aitheantas níos leithne ag teacht ar na seirbhísí éiceachórais agus earraí comhshaoil poiblí a chuireann fheirmeoireacht le Meas ar an Dúlra (HNV), mar thoradh ar an bhfeasacht mhéadaithe go mbíonn an bithéagsúlacht níos airde de ghnáth ar fheirm a bhainistítear ag déine níos ísle. Féadfaidh sé seo gnáthóga agus speicis a áireamh a thiteann lasmuigh d'ainmniú faoi na Treoracha um Ghnáthóga agus Éin. Tacaíodh le seo le hobair a rinneadh le déanaí maidir a shainaithin limistéir in Éirinn a bhfuil féidearthacht láidir feirme HNV⁷⁴ acu agus cur síos ar na cineálacha de thailte feirme HNV a bhíonn ann in Éirinn⁷⁵. Cuideoidh sé seo le bearta a fhorbairt chun a bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a choinneáil agus a fheabhsú. Is féidir le tréithriú agus dáileadh na dtailte feirme le Luach Ard Dúlra (HNV) in Éirinn (www.high-nature-value-farmland.ie) cuidiú le dearadh níos fearr agus spriocdhíríú de bhearta ar chineálacha tírdhreacha HNV ar leith. Má dhéantar bainistiú níos spriocdhíríthe ar thailte feirme HNV is féidir a mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a choinneáil agus a fheabhsú.

Faoi Sprioc 4.1 déanfar dul chun cinn i dtreo cur i bhfeidhm ar roinnt straitéisí agus pleananna gníomhaíochta atá ann cheana maidir le talmhaíocht,

talamh portaigh, forbairt tuaithe agus foraoiseacht. Áiríonn siad seo an Plean Uile-Éireann um Phailneoirí, Straitéisí Caomhantais Ginéiteacha náisiúnta phlandaí agus ainmhithe, Straitéis Náisiúnta um Thalamh Portaigh, Pleananna Gníomhaíochta Speiceas de chuid Cairde Éanlaith Éireann d'éin⁷⁶, agus an plean gníomhaíochta bithéagsúlachta ón gcuideachta Bord na Móna. Áiríonn an Clár Foraoiseachta nua 2014-2020⁷⁷ tacaíocht níos airde do phlandú leathanduilleach agus bearta freisin chun cruthú coillearnach dúchasach nua a chur chun cinn agus an bhainistíocht chuí athbhunaithe ar choillearnacha dhúchasacha atá ann cheana, chun bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais gaolmhara eile a chur chun cinn (go háirithe cosaint uisce)⁷⁸.

Bíonn ról tábhachtach ag Garraithe Náisiúnta na Lus, Garraithe Lus Choláiste na Tríonóide agus Irish Seed Savers' Association, chomh maith le zúnna na hÉireann agus bailiúcháin eile phríobháideacha agus Stáit mar bhancanna géine agus bailiúcháin bheo. Is iad Garraithe Náisiúnta na Lus an pointe fócais freisin don Straitéis Náisiúnta um Chaomhnú Plandaí, a nuashonrófar faoin bPlean seo agus tá sé múnlaite ar an Straitéis Dhomhanda do Chaomhnú Plandaí.

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na bpríomh-Threoracha, amhail na Creat-Treoracha um Uisce agus Straitéis Mhuirí, laghdófar an brú ar bhithéagsúlacht trí chosaint a dhéanamh ar cháilíocht ár n-uisce, ár n-aeir agus ár n-ithreacha agus laghdú ar thruailliú idirleata (e.g. ó lotnaidicídí, níotráití). Tagraíonn Sprioc 4.2 do laghdú suntasach ar brúnna truailléan ar bhithéagsúlacht talún agus fionnuisce. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbaintear na buntáistí is mó agus is féidir do bhithéagsúlacht as scéimeanna um Phleanáil Bainistíochta do Riosca Tuilté agus scéimeanna draenála chun a chinntiú go mbíonn tionchar dearfach seachas tionchar diúltach ag na gníomhaíochtaí seo ar bhithéagsúlacht (Sprioc 4.3).

Leagann an Plean seo amach roinnt gníomhartha i Sprioc 4.4 lena chinntiú go ndéantar rialú ar speicis choimhthíocha ionracha dochracha agus go bhfuil riosca laghdaithe de leathnú ar speicis nua. Gníomh tábhachtach chun an sprioc seo a bhaint amach is ea grúpa oibre il-ghníomhaireachta chun na páirtithe ábhartha uile a thabhairt le chéile ar bhonn uile-oileáin chun an

sprioc seo a bhaint amach. Ina theannta seo cuideoidh cur i bhfeidhm agus glacadh le tiomantais idirnáisiúnta, amhail an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Tríodhanna Longa (Coinbhinsiún BWM), le smachtú ar speicis choimhthíocha ionracha agus laghdú ar an riosca go leathnófar speicis nua.

Díríonn Sprioc 4.6 ar fheabhas a chur ar chur i bhfeidhm an Dlí Fiadhúlra. Áiríonn sé plean forfheidhmithe náisiúnta a fhoilsiú i dtaca leis an gCoinbhinsiún um Thrádáil Idirnáisiúnta Speiceas i mBaol (CITES) a áireoidh gníomhartha ó Phlean Gníomhaíochta an AE i gcoinne Gáinneáil Fiadhúlra⁷⁹.

Spriocanna Aichi a gcuidíonn na gníomhartha linn iad a bhaint amach:



Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Feabhrán capail: speiceas coimhthíoch ionrach (Lorcan Scott) ⤴

Lus na pléisce: speiceas coimhthíoch ionrach (Lorcan Scott) ⤵



Cuspóir 4

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa tuath níos leithne

SPRIOC 4.1:

DEISEANNA BARRFHEABHSAITHE FAOI BHEARTAIS I LEITH TALMHAÍOCHTA AGUS FORBARTHA TUAITHE, FORAOISEACHTA AGUS BEARTAIS ÁBHARTHA EILE CHUN TAIRBHÍ A BHAIN AMACH DON BHITHÉAGSÚLACHT AGUS SEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS.

4

CUSPÓIR

Gníomh	Fráma Ama	Ceannaire/Príomh-chomhpháirtithe	Táscaire Feidhmíochta
4.1.1. Forbairt agus cur i bhfeidhm scéimeanna um chomhshaol na talmhaíochta (AES) faoin gClár Forbartha Tuaithe (i.e. An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) agus Scéimeanna do Chomhshaol na Talmhaíochta faoi cheannas áitiúil (LLAES). A chinntiú go mbaineann AES glanghnóthachan intomhaiste do bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais lena n-áirítear bearta suntasacha d'athbhunú gnáthóg	2017-2021	DAFM, Teagasc	<ol style="list-style-type: none"> 1. Fad/achar na ngnáthóg faoi bhearta AES 2. Uirlisí monatóireachta éiceolaíochta a chuidíonn le cainníochtú a dhéanamh ar fhíor-bhuntaistí éiceolaíochta AES 3. Achar an gnáthóige leath-nádúrtha/nádúrtha a rinneadh cothabháil/athshlánú uirthi
4.1.2. Cur síos a thabhairt ar thalamh feirme le Meas ar an Dúlra (HNV) agus bearta a fhorbairt chun a bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chothabháil agus a fheabhsú	2017-2021	DAFM, DCHG, Teagasc, an Chomhairle Oidhreachta, Lucht Acadúil agus Institiúidí Taighde	<ol style="list-style-type: none"> 1. Clár monatóireachta maidir le faisringe, dáileadh agus cáilíochta na dtailte feirme HNV aontaithe agus curtha i bhfeidhm 2. Fairsinge an limistéir atá sainaitheanta mar HNV 3. Caiteachas ar bhearta AES a bhaineann le bithéagsúlacht i limistéir HNV
4.1.3. Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2016-2021 Bhord na Móna a chur i bhfeidhm, maraon le leasuithe ar bith ar an bPlean	2017-2021	BnM	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm
4.1.4. Gníomhartha sa Chlár Foraoiseachta 2014-2020 a chur i bhfeidhm, a chinntíonn torthaí dearfacha barrfheabhsaithe do bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais agus athbhunú ar limistéir thíos le foraoiseacht mhíchuí, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na moltaí ón staidéar HYDROFOR80	2017-2020	DAFM	<ol style="list-style-type: none"> 1. Sprioc 30% d'fhoraoisiú leathanduilleach a bhaint amach 2. Rannpháirtíocht sa Scéim um Bunú Coillearnach Dúchas agus sa Scéim um Chaomhnú Coillearnach Dúchas 3. Riachtanais Foraoiseachta Comhshaoil nua ar bun a chomhlíonann Treoracha AE go hiomlán 4. Achar na foraoiseachta faoi bhearta athshlánaithe

Gníomh	Fráma Ama	Ceannaire/Príomh-chomhpháirtithe	Táscaire Feidhmíochta
4.1.5. Dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm Phleananna Gníomhaíochta Speiceas Cairde Éanlaith Éireann d'éin (e.g. éin talún iséalchríocha, éin inse, éin coillearnach agus scrobarnaí, éin ardtalún agus éin locha, eanaigh agus turlaigh	2017-2021	BWI agus comhpháirtithe eile liostaithe ina bpleananna	1. Líon na ngníomhartha a tugadh fúthu agus a seachadadh 2. Treochtaí daonra sna speicis spriocaimsithe
4.1.6. Athbhreithniú, nuashonrú agus poiblíocht ar an Straitéis Náisiúnta um Chaomhnú Plandaí lena n-áirítear an straitéis a nuashonrú i gcomhréir le spriocanna daomhanda reatha	2017-2020	Garraithe Náisiúnta na Lus, DCHG	1. Líon na spriocanna a baineadh amach
4.1.7. Na Straitéisí Náisiúnta um Chaomhnú Ginéiteach a chur i bhfeidhm d'ainmhithe agus plandaí	2017-2020	DAFM , Irish Seed Savers Association	1. Líon na speiceas, na gcineálacha nó lánrasach da bhfuil bearta caomhnaithe á ndéanamh
4.1.8. An Plean Uile-Éireann do Phailneoirí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear: tuath na hÉireann a dhéanamh níos oiriúnaí do phailneoirí; feachtas a mhéadú faoi phailneoirí; tacú le beachairí agus saothróirí; leathnú ar eolas faoi phailneoirí; agus fianaise a bhailiú chun athruithe a rianú ⁸¹	2015-2020	NBDC agus gníomhaithe eile liostaithe sa phlean	1. Líon na gníomhartha curtha i bhfeidhm 2. Stádas dhaonraí na bpailneoirí 3. Seachadadh de ghníomhartha pailneoirí i bpleananna comhshaoil talmhaíochta 4. Achar talún faoi tháirgeadh orgánach
4.1.9. An straitéis do bhainistíocht fianna, "Deer Management Strategy in Ireland – A Framework for Action" a chur i bhfeidhm	2017-2021	Irish Deer Management Forum, DAFM	1. Achar coillearnaigh le bainistiú fianna oiriúnach

4

CUSPÓIR

SPRIOC 4.2:
GO LAGHDÓFAÍ NA PRÍOMHBHRÚNNA TRUAILLEÁIN AR BHITHÉAGSÚLACHT TALÚN AGUS FIONNUISCE GO SUNTASACH FAOI 2020

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
4.2.1. Leanúint den chosaint, feabhsú agus monatóireacht ar cháilíocht sa dara timthriall den Creat-Treoir um Uisce (2015-2021) trí laghdú ar rioscaí do cháilíocht uisce agus úsáid a bhaint as saineolas éiceolaíochta sa chinnteoireacht, agus san anailís ar thionchair charnacha	2017-2021	EPA, DAFM DHPLG, IFI, DCHG, Údaráis Áitiúla, Lucht Acadúil agus Institiuidí Taighde, Uiscebhealaí Éireann, Foras na Mara	1. Stádas cháilíocht an uisce in Éirinn 2. Líon na mbeart sa Phlean Bainistíochta Abhantraí (Clár de Bhearta) atá curtha i bhfeidhm
4.2.2. Uisce Éireann lena Phlean Straitéiseach Seirbhísí uisce (2015-2040) a chur i bhfeidhm, go háirithe a chuspóir leis an gcomhshaol a chosaint agus a fheabhsú	2017-2021	Uisce Éireann DHPLG	1. Monatóireacht comhshaoil ar chur i bhfeidhm an phlean
4.2.3. Moltaí a chur i bhfeidhm ó Shraith Tuarascálacha Uimh. 99 de EPA STRIVE (Management Strategies for the Protection of High Status Waterbodies) ⁸² lena n-áirítear, i measc beart eile: tosaíocht do bhearta cosanta; rialú ar phleanáil/ceadúnú; measúnú ar thionchair charnach; agus monatóireacht agus cosaint chomhtháite	2017-2021	EPA, Údaráis Áitiúla, DAFM	1. Rianú ar dhobharcchantair ardstádais agus cur in ord tosaíochta do bhearta cosanta 2. Córas monatóireachta a bhunú 3. Bunachar sonraí GIS lárnach nó bunachar sonraí gníomhaíochtaí 4. Treochtaí sa stádas

SPRIOC 4.3:**BUNTÁISTÍ BARRFHEABHSAITHE DO BHITHÉAGSÚLACHT I SCÉIMEANNA DO PHLEANÁIL BAINISTÍOCHTA RIOSCA TUILTE AGUS SCÉIMEANNA DRAENÁLA.**

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
4.3.1. Cinntiú go ndéanann pleanáil um Bainistíocht Riosca Tuilte (FRM) agus SEA, EIA agus AA gaolmhara íoslaghdú ar chaillteanas na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais trí bheartais chun úsáid a bhaint as roghanna “boga”, athbhunú tírdhreacha agus gnáthóige agus bainistíocht talún inbhuanaithe	2017-2021	OPW	<ol style="list-style-type: none"> 1. Measúnú chun teicnící nádúrtha um bainistíocht tuilte a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach le húsáid in Éirinn a shainaithint agus a chur chun cinn 2. Bearta ar fud abhantraigh agus bearta neamhsruchtúrtha a áireamh laistigh de na roghanna a ndéantar measúnú orthu sna Pleananna um Bainistíocht Riosca Tuilte
4.3.2. Déanfar measúnú ar an draenáil suntasach uile (draenáil artaireach), lena n-áirítear idir dhraenáil tosaigh agus draenáil cothabhála dá himpleachtaí don bithéagsúlacht, go háirithe do bhogach	2017-2021	OPW, IFI	<ol style="list-style-type: none"> 1. Áireamh na gcúrsaí bithéagsúlachta i gcláir draenála 2. Líon na measúnuithe ar oibreacha draenála

4

CUSPÓIR

SPRIOC 4.4:**TÁ SRÍAN AR SPEICIS CHOIMHATHÍOCHA IONRACHA DHÍOBHÁLACHA AGUS TÁ RIOSCA LAGHDAITHE MAIDIR LE TABHAIRT ISTEACH AGUS/NÓ SCAIPEADH SPEICEAS NUA.**

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
4.4.1. An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Tríodhanna Longa a dhaingniú	2017	DTTAS, DFAT	1. Daingniú an Choinbhinsiúin in 2017
4.4.2 Pleananna náisiúnta agus uile-oileáin a fhorbairt chun Rialachán an AE um Speicis Choimhthíocha Ionracha (IAS) agus ranna ábhartha de Rialachán AE (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 na hÉireann a chur i bhfeidhm lena n-áirítear: pleananna bithshlándála a fhorbairt agus a ghlacadh i gcomhlachtaí stáit ábhartha; Prótacal Mearfhreagartha d'oileán na hÉireann; agus comhordú agus tiomsú ar shonraí faireachais agus monatóireachta faoi speicis ionracha; agus obair le húdarais Thuaisceart Éireann agus RA maidir le speicis ionracha a bhfuil imní orthu araon fúthu	2017-2021	DCHG, DAERA NBDC, IFI, TII, Uiscebhealaí Éireann, Údarais Áitiúla, grúpaí pobail áitiúla, eENRanna agus Gníomhaireacht na Lochanna	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na gcomhlachtaí stáit a bhfuil pleananna bithshlándála acu 2. Prótacal Mearfhreagartha forbartha d'Éirinn 3. Líon na IAS nua a taifeadadh agus a bunaíodh

4

CUSPÓIR

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
4.4.3. Leanúint agus feabhas ar bhearta don scrios, más indéanta, rialú agus smachtú ar speicis ionracha	2017-2021	IFI, DCHG, Údaráis Áitiúla, TII, Uiscebhealaí Éireann, Garraithe Náisiúnta na Lus, grúpaí pobail áitiúla	1. Líon na n-ionraí a smachtaíodh go rathúil
4.4.4. Plandlanna gortóireachta a spreagadh chun speicis, cineálacha agus póracha dúchasacha a tháirgeadh ó fhoinsí dúchasacha cuí do phlanduithe poiblí. Déanfaidh comhlachtaí poiblí iarracht speicis dhúchasacha a chur d'fhonn an iomportáil de speicis, cineálacha agus póracha neamhdhúchasacha a laghdú	2017-2021	DAFM, Coillte, Údaráis Áitiúla, TTI, DCHG, OPW	1. Líon na bplanduithe nua nach n-úsáideann ach plandaí dúchasacha do thírdhreachú 2. Líon na bplandlanna ag soláthar cáipéisí faoi fhoinsí ábhair as Éirinn
4.4.5. Leanúint de Mheasúnuithe Riosca a tháirgeadh do speicis neamhdhúchasacha a d'fhéadfadh a bheith ionrach	2017-2021	NBDC, DCHG	1. Líon na Measúnuithe Riosca atá déanta do speicis neamhdhúchasacha a d'fhéadfadh a bheith ionrach
4.4.6. Reachtaíocht a fhoilsiú chun déileáil le forálacha riachtanacha faoin Rialachán AE maidir le maidir le speiceas coimhthíoch ionrach (Uimh.. 1143/2014) agus ar fhreagrachtaí agus cumhachtaí i dtaca le speiceas coimhthíoch ionrach, a thugann freagracht do IFI as speiceas ionrach uisce	2017-2021	DCHG, DCCAE, IFI, NBDC	1. Reachtaíocht foilsithe agus achtaithe
4.4.7 Obair le gnóanna garraíodóireachta agus peataí chun tabhairt isteach agus leathnú na speiceas coimhthíoch ionrach a chosc	2017-2021	DCHG, NBDC	1. Cumarsáid déanta

SPRIOC 4.5:
FEABHAS AR FHORFHEIDHMIÚ AN DLÍ UM FHIADHÚLRA.

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
4.5.1. Feabhas a chur ar thuiscint agus ról an Gharda Síochána agus Custaim agus na breithiúna i bhforfheidhmiú na reachtaíochta Fiadhúlra, lena n-áirítear oiliúint agus treoir ar leith a sholáthar	2017-2021	DCHG, An Garda Síochána, Coimisinéirí Ioncaim (Custaim), DAFM, An Roinn DLí agus Cirt	1. Líon na gcúrsaí oiliúna agus na n-oiliúnaithe 2. Líon na gcomhghníomhaíochtaí idir na comhlachtaí sa liosta
4.5.2. Dóthain oiliúna a sholáthar i mbrath agus forfheidhmiú Coiriúlachta Fiadhúlra chuig baill foirne forfheidhmithe uile DCHG	2017-2021	DCHG	1. Líon na gcúrsaí oiliúna agus na n-oiliúnaithe
4.5.3. Plean forfheidhmithe CITES a fhoilsiú	2017	DCHG , An Garda Síochána, Coimisinéirí Ioncaim (Custaim), DAFM	1. Plean forfheidhmithe CITES foilsithe
4.5.4. Leanúint de na hAchtanna agus Rialacháin Fiadhúlra a fhorfheidhmiú, go háirithe na Rialacháin Gnáthóige	2017-2021	DCHG , An Garda Síochána, Coimisinéirí Ioncaim (Custaim), EPA	1. Líon na n-urghabhálacha/ionchúiseamh 2. Líon na ngníomhaíochtaí nó fiosruithe spriocdhírithe
4.5.5. Leanúint de fhorfheidhmiú agus tuairisciú ar Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Dliteanas Comhshaoil)	2017-2021	EPA	1. Clár faoi Alt 18 coinnithe ag EPA 2. Tuairisc curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh
4.5.6. Oiliúint maidir le dlí fiadhúlra a chur ar oifigigh forfheidhmithe i ngníomhaireachtaí eile atá ag obair allamuigh	2017-2021	Cigirí Talmhaíochta, Oifigigh Iascach, EPA	1. Líon na n-oifigeach ar a cuireadh oiliúint



Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí

Tá saibhreas de bithéagsúlacht mhuirí ag Éirinn óna huiscí intíre go dtí doimhne an aigéin agus tá a Crios Eacnamaíoch Eisiach (EEZ) muirí i bhfad níos mó ná a hachar talún. Tá luach €1.3 billiún in aghaidh na bliana ar thionscail na mara do gheilleagar na hÉireann agus cuireann siad thar ar 17,000 post ar fáil⁸³. Braitheann tionscal turasóireachta na hÉireann freisin ar chomhshaol muirí agus cósta glan agus gan mhilleadh.

Aibhsítear an riocht reatha ina bhfuil comhshaoil muirí na hÉireann i tuarascálacha na hÉireann ar an Treoir um Ghnáthóga agus ar an gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí (MSFD) in 2013. De na gnáthóga muirí ar a rinneadh measúnú faoin Treoir um Ghnáthóga, níor measadh ach go raibh oitreacha gainimh agus pluaisianna farraige i riocht 'fabhrach'. Measadh go raibh riocht 'neamhleor' ar inbhir, réileáin láibe taoide, góilíní móra éadoimhne agus bána. Bhí stádas 'dona' ar sceireacha agus murlaigh²⁷. Beidh tuilleadh monatóireachta agus tuairiscithe ar stádas éiceolaíochta ghnáthóga muirí na hÉireann ag teacht in 2018 faoin MSFD agus faoin gCreat-Treoir um Uisce (WFD), a thabharfaidh pictiúr níos soiléire ar an riocht ina bhfuil comhshaol muirí na hÉireann.

Eascaíonn brúnna ó ghníomhaíochtaí daonna ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais chósta agus mhuirí na hÉireann ó raon méadaithe d'fhoinsí lena n-áirítear astú cothaitheach agus ceimiceán ó éiceachórais talún agus trí chorraíl dhíreach fhisiciúil agus díghradú gnáthóige ó thruailliú, bruscar agus torann a dhéantar ag an duine⁸⁴. Den chuid is mó, bíonn na brúnna seo in uiscí idirthréimhseacha agus cósta. Tá tionchair fhorleathana as an iascaireacht ar phobail pheiligeacha (i.e., colún uisce) agus ar phobail ghrinneall na farraige, go háirithe do speicis le rátaí fáis ísle, foshraitheanna

boga nó sceireacha coiréil uisce fuar agus chuaigh an ghníomhaíocht seo i gcion go mór ar roinnt limistéar⁸⁴. Tá imní freisin faoi leibhéal foghabhála ar éin agus mamaigh mara in iascaigh áirithe. Tá daonraí éisc ag feabhsú i gcoitinne ó rinneadh athchóiriú ar an gComhbheartas Iascaigh (CFP) agus bainistíocht níos inbhuanaithe de dhaonraí éisc le socrú an Uastoraidh Inbhuanaithe (MSY) do speicis tráchtála⁸⁵. Tá forálacha freisin sa CFP leasaithe do bhunú agus cur i bhfeidhm beart soiléir caomhantais sa chás ina meastar go bhfuil tionchair dhiúltacha comhshaoil ann, d'fhoill a chinntiú go mbíonn éiceachóras muirí agus cosaint bithéagsúlachta níos fearr ann. Cuireann athrú aeráide agus aigéadú aigéin bagairtí suntasacha i láthair agus is féidir leo leasú a dhéanamh ar na tionchair ó bhrúnna eile agus cuidiú le speicis ionracha a bhunú agus a leathnú a thuilleadh.



Rón glas (Oliver Ó Cadhla) 



Oitreacha gainimh nochtaithe i gCuan Loch Garman (Oliver Ó Cadhla) 

Cuideoidh an chosaint ar an éiceachórais mhuirí agus comhlíonadh le reachtaíocht comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus cur i bhfeidhm iomlán MSFD, WFD, na Treorach um Ghnáthóga agus CFP leasaithe le Fís na hÉireann don Bhithéagsúlacht a bhaint amach (i.e. go ndéanfar bithéagsúlacht agus éiceachórais mhuirí na hÉireann a chaomhnú agus a athshlánú, ag soláthar buntáistí atá riachtanach d'earnálacha uile na sochaí). Leis an bhforbairt, ag Ranna Rialtais rannpháirteacha, ar Phleanáil Spásúil Mhuirí éifeachtach do chríos cósta agus uiscí na hÉireann, cuideofar leis an sainaitheint agus cosaint fheabhsaithe ar ghnáthóga agus speicis atá faoi bhrú nó faoi bhagairt, i gcomhréir le haidhmeanna Threoir Pleanála Spásúil Mhuirí an AE (2014/89/AE)⁸⁶ agus MSFD. Sa Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (EMFF) tá bearta amhail infheistíochtaí sa chosaint agus athbhunú ar fhlóra agus fiadhúlra muirí, feabhsuithe ar roghnachas i dtrealamh iascaireachta, agus scéimeanna chun feabhas a chur ar fheidhmíocht comhshaoil na bhfeirmeacha dobharshaothraithe.

Spriocanna Aichi a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithé a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Cuspóir 5

Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí

SPRIOC 5.1:

DUL CHUN CINN DÉANTA I DTREO DEA-STÁDAS ÉICEOLAÍOCH AGUS COMHSHAOIL NA N-UISCÍ MUIRÍ THAR THRÉIMHSE AN PHLEAN SEO.

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
5.1.1. Plean Spásúil Muirí d'Éirinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	2017-2021	Grúpa Comhordaithe Mara Idir-Rannach, DHPLG	1. Tuarascálacha ar chur i bhfeidhm an Phlean Comhtháite Muirí (IMP) 2. Comhlíonadh le Treoir an AE um Phleanáil Spásúil Mhuirí (2014)
5.1.2. Bearta a chur i bhfeidhm chun stádas maith éiceolaíochta agus comhshaoil a fháil do ghnáthóga muirí agus cósta mar a éilíonn an Treoir um Ghnáthóga, an Chreat-Treoir um Uisce, agus an Chreat-Treoir um Straitéis Mhuirí (MSFD) agus i gcomhréir le Coinbhinsiún OSPAR	2017-2021	DHPCLG, DCCAE, Foras na Mara, DAFM, Uisce Éireann, Údaráis Áitiúla, IFI, DCHG, EPA, An Taisce	1. Dul chun cinn ar bhearta faoi MSFD 2. Pleananna Bainistíochta Abhantraí (RBMP) críochnaithe 3. Líon na dtránna le Brat Gorm 4. Líon na gcóstaí le Gradam Cósta Glas 5. Líon na suíomhanna ina ndéantar séarachas neamhchóireáilte a astú
5.1.3. Moltaí OSPAR maidir le Gnáthóga agus Speicis a chur i bhfeidhm	2017-2021	DHPLG, DFA, Foras na Mara, DCHG	1. Líon na moltaí OSPAR a cuireadh i bhfeidhm
5.1.4. Cur chun cinn ar chorprú de ghnéithe innealtóireachta éiceolaíochta i struchtúir nua agus struchtúir atá ann cheana amhail cosaintí cósta	2017-2021	OPW, Údaráis Áitiúla, Institiúidí taighde	1. Líon na dtionscal innealtóireachta éiceolaíochta nua

5

CUSPÓIR

5

CUSPÓIR

TARGET 5.2:

LEIBHÉIL STOIC IASC A COTHAITHE NÓ TUGTHA AR AIS CHUIG LEIBHÉIL ATÁ ÁBALTA UASTORADH INBHUANAITHE A THÁIRGEADH, MÁ S FÉIDIR, TRÁTH NACH DÉANAÍ NÁ 2020.

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
5.2.1. Leanúint de chinntiú go ndéanann an Comhbheartas lascaigh (CFP) agus iascaigh mhuirí soláthar do chaomhnú de speicis éisc agus bithéagsúlacht mhuirí	2017-2021	DAFM	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na stoc éisc a ndéantar iascaireacht orthu laistigh dá n-uastoradh Inbhuanaithe (MSY) 2. Oibleagáid maidir le tuirlingtí CFP a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm agus pleananna ilbhliantúla a fhorbairt. 3. Clár ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar ghabháil de thaisme ar speicis neamh-spiocaimsithe
5.2.2. Cur i bhfeidhm ar phleananna athshlánaithe stoic do stoic éisc ar bith lasmuigh de theorainneacha sábháilte bitheolaíochta, agus pleananna bainistíochta chun stoic eile a chothabháil ag leibhéal shábháilte bitheolaíochta mar a chinntear ag na caighdeáin do Stádas Maith Comhshaoil sa Chreat-Treoir um Straitéis Mhuirí	2017-2021	DAFM	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na stoc róshaothraithe in uiscí na hÉireann 2. Líon na bpleananna ilbhliantúla ar bun 3. Líon na stoc laistigh de theorainneacha slána bitheolaíochta
5.2.3. Glacadh agus cur i bhfeidhm forálacha faoin gComhbheartas lascaigh (CFP) chun beart bainistíochta cuí a bhunú (e.g. criosanna gan ghabháil) a chaomhnaíonn bithéagsúlacht agus leibhéal stoc éisc	2017-2021	DAFM	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na ngníomhartha bainistíochta e.g. criosanna gan ghabháil atá curtha i bhfeidhm 2. Reachtaíocht CFP ar bhearta teicniúla glactha agus curtha i bhfeidhm
5.2.4. Gníomh comhbheartaithe a dhéanamh chun iascaireacht mhídhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialaithe a chomhrac	2017-2021	SFPA, IFI	<ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na bpatról 2. Líon na dtascarthaí 3. Tuarascálacha bliantúla a sholáthar a thugann eolas faoi iascaireacht mhídhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialaithe



Bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú

Tá limistéir faoi chosaint ríthábhachtach do bheartas caomhantais. Cuireann siad ar ár gcumas príomhghnáthóga agus speicis a chosaint agus cuireann siad tearmainn ar fáil do ghluaiseacht agus imirce speiceas. Ón taobh domhanda de, meastar go cuireann limistéir faoi chosaint slite beatha do 1.1 billiún duine. Is iad limistéir faoi chosaint an phríomhfhoinsí d'uisce óil do bhreis agus trian de chathrach is mó an domhain agus tá ról tábhachtach acu i slándáil bia domhanda a chinntiú. Tá sé measta go mbeidh torthaí thart ar 25:1 go 100:1 ar infheistíocht i gcruthú agus i mbainistiú limistéar faoi chosaint ar fud an domhain. Tá rialtais ar fud an domhain ag féachaint níos mó ar limistéir faoi chosaint ní hamháin chun bithéagsúlacht a chaomhnú ach freisin chun seirbhísí éiceachórais riachtanacha a dhaingniú agus chun oiriúnú don thionchair athrú aeráide a chumasú.

Tá roinnt catagóirí de limistéir faoi chosaint in Éirinn a thugann leibhéil éagsúla cosanta do na speicis agus gnáthóga atá iontu. Is iad na cinn is suntasaí agus is leithne na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) faoin the Treoir maidir le hÉin. Go dtí seo, tá 430 SAC agus 154 SPA cosanta in Éirinn, ag clúdach 1,949,253 ha san iomlán, agus is talamh/fionnuisce 907,754 ha díobh. Tá ceanglais dlí ar na húdaráis Phoiblí uile a bhfuil ról acu sa cheadúnú nó sa phleanáil a chinntiú nach mbíonn tionchair dhiúltacha ag gníomhartha faoina sainchúram ar SACanna agus SPA (féach Cuspóir 1).

Is é Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) an bun-ainmniúchán do limistéir atá tábhachtach go náisiúnta d'fhiadhúlra. Faoi láthair, is do shuíomhanna talamh portaigh amháin atá na NHAnna atá ainmnithe go reachtúil. Bunaithe ar an athbhreithniú a foilsíodh sa bhliain 2014, "Review of the Raised Bog

NHA Network", tá sé beartaithe go mbeidh 127 NHAnna atá ainmnithe go reachtúil agus 7 suíomh atá ainmnithe i bpáirt mar NHAnna.

Tháinig an téarma 'NHA' molta (nó pNHA) le 1,235 suíomh a fógraíodh i 1994-1995. Ina dhiaidh sin, rinneadh Subsequently, cSACs (SACanna iarrthóirí) as 308 díobh, rinneadh 192 eile a chomhchuimsiú mar fhoshuíomhanna in cSACanna agus/nó SPAnna, rinneadh NHAnna ainmnithe talamh portaigh de 100 díobh, agus baineadh 3 den liosta. Fágann sé seo 632 pNHAnna aonair. Aithnítear a dtábhacht sna Pleananna Forbartha Contae uile agus i bpleananna forbartha limistéir áitiúla eile.

Tá na sé Pháirceanna Náisiúnta de chuid na hÉireann ina n-acmhainní tábhachtacha de chaomhnú fiadhúlra agus do thionscail turasóireachta agus áineasa na hÉireann freisin. Áiteanna tábhachtacha is ea Anaclanna Dúlra d'fhiadhúlra atá cosanta faoi odrú Aire. Tá formhór acu seo i seilbh an stáit.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn thréimhse an dara Phlean amhail Creat Gníomhaíochta Tosaíochta a chur i bhfeidhm don chreat Natura 2000, lena n-áirítear cuspóirí caomhnaithe a dhoiciméadú. Rinneadh dul chun cinn i dtreo caomhnú ar shuíomhanna tailte portaigh le foilsíú na Straitéise Náisiúnta um Thailte Portaigh agus an Phlean Náisiúnta Bainistíochta um SAC Portaigh Ardaithe in 2016, a thugann cur síos ar an mbealach ar aghaidh do chaomhnú agus athbhunú na suíomhanna tábhachtacha tailte portaigh. Le monatóireacht ar ghnáthóga agus speicis leasa an AE tá méadú tagtha ar ár n-eolas faoi stádas na ngnáthóg agus na speiceas seo agus thar shaolré an phlean seo déanfar tuilleadh dul chun cinn i dtreo caomhnú ar limistéir agus speicis faoi chosaint a chinntiú.

Maidir leis an gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí tá ról tábhachtach le himirt ag líonra na hÉireann de Limistéir Mhuirí faoi chosaint (MPAanna), atá ann cheana, i gcothabháil na bithéagsúlachta agus chun Stádas Comhshaoil





Bealach éisc (Lorcan Scott)

shainaithint is oiriúnaí d'ainmniúchán MPA amach anseo.

Déanfar speicis a bhfuil imní orthu i leith caomhnaithe a shainaithint i ndiaidh próiseas an Liosta Dearg nó a nótáil mar chuid d'anailís treochtaí (e.g. crotach). Déanfar athbhreithniú lean chinneadh cén speicis an bhainfeadh tairbhe as Plean Freagartha ar Bhagairt nó Plean Gníomhaíochta Speicis a fhorbairt. Leanfar de na Pleananna atá ann cheana a chur i bhfeidhm.

Tacófar le cláir caomhnaithe leanúnacha ex-situ toisc gur meicníocht thábhachtacht iad chun cuidiú le slánú fiáin na bithéagsúlachta.

Maith (GES) a bhaint amach faoi 2020 mar a éilíonn an Treoir. Faoi láthair tá roinnt suíomhanna Natura 2000 atá ainmnithe faoin Treoir um Éin nó faoin Treoir um Ghnáthóga, agus a shásaíonn cuspóirí OSPAR freisin, mar chuid den líonra ach samhlaítear go mbeidh, le linn shaolré an PGBN seo, a bheag nó a mhór, leathnú breise atá níos comhleanúnaí agus níos ionadaí den líonra seo de shuíomhanna faoi chosaint. Cuideoidh taighde eolaíochta leanúnach, pleanáil spásúil mhuirí agus tosaíochtaí bithéagsúlachta leis na suíomhanna sin a

Spriocanna Aichi a gcuidíonn na gníomhartha linn iad a bhaint amach:



Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaíthe a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Caomhnú *ex-situ* ar chaonach Bryum (Christine Campbell)

Cuspóir 6

Bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú

SPRIOC 6.1:

LÍONRA NATURA 2000 SAINITHE AGUS FAOI BHAINISTÍOCHT CAOMHANTAIS ÉIFEACHTACH FAOI 2020.

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
6.1.1. Próiseas ainmniúcháin a chur i gcrích do Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna), go háirithe, do SACanna muirí cladaigh agus amuigh ón gcósta	2017-2020	DCHG	1. Céatadán na suíomhanna ainmnithe le hIonstraim Reachtúil
6.1.2. Córas toilithe a fhorbairt agus a úsáid chun cuidiú le gníomhaíochtaí inbhuanaithe laistigh de shuíomhanna Natura 2000	2017-2020	DCHG, DAFM, DHCPLG, Údaráis Áitiúla, EPA	1. Córais ceadúnais agus toilithe ar bun agus Treoracha Éin agus Gnáthóige á gcomhlíonadh acu
6.1.3. Cuspóirí caomhnaithe mionsonraithe atá sonrach do shuíomh a ullmhú do shuíomhanna Natura 2000	2017-2020	DCHG	1. Líon/codán na suíomhanna dá bhfuil cuspóirí caomhnaithe ullmhaithe
6.1.4. Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra a bhainistiú chuig caighdeán ard	2017-2020	DCHG	1. Stádas na ngnáthóg agus na speiceas sna háiteanna seo
6.1.5. An Straitéis Náisiúnta um Thalamh Portaigh a chur i bhfeidhm ⁴⁵	2017-2021	DCHG , BnM	1. Achar de phortach ardaithe, portach íseal agus bratphortach ardtalún faoi athchóiriú 2. Líon na suíomhanna thalamh portaigh le gníomhaíochtaí athchóirithe críochnaithe 3. Treochtaí i stádas na ngnáthóg thalamh portaigh
6.1.6. An Plean Bainistíochta um Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) do Phortaigh Ardaithe (2016-2021) a chur i bhfeidhm ⁴⁶	2017-2021	DCHG , BnM	1. Líon na suíomhanna laistigh den líonra SAC de phortaigh ardaithe ina bhfuil gníomhaíochtaí athchóirithe tosaithe/déanta 2. Achar an phortaigh ardaithe faoi athchóiriú 3. Córas bainistíochta inbhuanaithe agus éifeachtach ar bun do líonra SAC de phortaigh ardaithe 4. Togra LIFE do phortaigh ardaithe curtha i gcrích go rathúil ar 12 shuíomh SAC



Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
6.1.7. Cur i bhfeidhm ar na bearta caomhnaithe atá riachtanach chun na cuspóirí caomhnaithe foilsithe do shuíomhanna Natura 2000 a bhaint amach. Bearta breise a fhoarbairt agus a chur i bhfeidhm más gá chun stádas caomhnaithe fabhrach a bhaint amach ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an tsuímh	2017-2021	DCHG , DAFM, Teagasc, EPA, Údaráis Áitiúla, comhlachtaí poiblí eile a bhfuil seilbh/bainistíocht acu ar SACanna/ SPAnna	1. Líon na bhfeirmeacha a bhfuil bearta chuí um chomhshaol na talmhaíochta á gcur i bhfeidhm acu i limistéir faoi chosaint agus limistéir spriocaisithe eile 2. Líon na mbeartt ábhartha déanta ag na hearnálacha foraoiseachta, iascach fionnuisce agus uisce
6.1.8. Bearta a chur i bhfeidhm lena chinntiú, ag cur athrú aeráide san áireamh, nach bhfuil aon drochthionchair ó iascaigh agus dobharshaothrú mhuirí i suíomhanna Natura 2000 agus taobh leo	2021	DAFM , Foras na Mara	1. Líon ghnáthóga agus speicis leasa an AE a tuairiscíodh go raibh tionchar ag iascaigh/dobharshaothrú orthu 2. Pleananna maolaithe agus bearta caomhnaithe eile d'iascaigh mhuirí i suíomhanna Natura 2000 agus taobh leo mar is gá.
6.1.9. Athbhreithniú agus nuashonrú ar an gCreat Gníomhaíochtaí Tosaíochta do Natura 2000	2018	DCHG	1. Creat Gníomhaíochtaí Tosaíochta nuashonraithe
6.1.10. Leanúint d'eolas a bhailiú faoi shuíomhanna atá le meas i dtaca le cosaint agus feabhsú líonra na Limistéar Oidhreachta Nádurtha	2017-2021	DCHG	1. Líon na suíomhanna ar a rinneadh measúnú

SPRIOC 6.2:

FEABHAS SUNTASACH CURTHA AR LEORDHÓTHAIN, COMHCHUIBHEAS, COMHCHEANGAILTECHT AGUS ATHLÉIMNEACHT LÍONRA NA LIMISTÉAR FAOI CHOSAINT FAOI 2020.

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
6.2.1. Méadú ar nascacht líonra na limistéar faoi chosaint ag baint úsáide as criosanna maolánacha cuí, conairí, clocha cora agus/nó bealaí eitilte	2021	DCHG, Údaráis Áitiúla, BnM, eENRanna, DAFM	1. Líon/fairsinge na ngnéithe bunaithe le feabhas a chur ar nascacht agus athléimneacht na limistéar faoi chosaint 2. Gníomhaíochtaí bainistíochta ar bun chun nascacht a mhéadú más cuí 3. Líon na bPleananna Forbartha Contae le beartais ina leith seo (má tá siad á nuashonrú san am idir seo agus 2020)

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
6.2.2. An líonra Limistéar Muirí faoi Chosaint a leathnú	2021	DHPLG, DCHG, DCCAE	1. Líon na limistéar breise ainmnithe

SPRIOC 6.3:

GAN STÁDAS CAOMHANTAIS AG DUL CHUN DONAIS AG SPEICEAS AR BITH FAOI CHOSAINT FAOI 2020; STÁDAS CAOMHANTAIS FABHRACH AG TROMLACH NA SPEICEAS, NÓ IAD AG GLUAISEACHT I DTREO AN STÁDAIS SIN, FAOI 2020.

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
6.3.1. Pleananna freagartha ar bhagairt a chruthú do speicis roghnaithe d'ímní caomhnaithe agus do speicis d'éin a ainmnítear i bPlean Gníomhaíochta an AE 2017 don dúlra, daoine agus eacnamaíocht	2017-2021	DCHG	1. Líon na bpleananna freagartha ar bhagairt a fornraíodh
6.3.2. Tascfhórsa don chrotach a bhunú	2017	DCHG, DAFM, BWI, páirtithe leasmhara na sochaí sibhialta ábhartha	1. Plean Gníomhaíochta curtha ar bun
6.3.3. Cláir athchóirithe a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm do loimpre, speicis seide, bradán, breac geal agus eascanna. Feabhas a chur ar ghluaiseacht na speiceas éisc imirceacha agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na bpasanna atá ann cheana agus tionchair na ndambaí hidrileictreacha atá ann agus a d'fhéadfadh a bheith ann agus déileáil le bacanna eile ar ghluaiseacht éisc. Scéim rianaithe a chur ar bun d'eascanna	2017-2020	IFI, Foras na Mara, Seirbhís Foraoise, Uisce Éireann, OPW, ESB	1. Pleananna bainistíochta foilsithe do bhradán agus breac geal 2. Scéim rianaithe d'eascanna ar bun 3. Líon na bpasanna éifeachtach éisc 4. Stádas na speiceas éisc roghnaithe
6.3.4. Pleananna gníomhaíochta speicis a chur ar bun, lena n-áirítear cinn dóibh seo a leanas: iora rua, cearc fhraoigh, patraisc bhroinnliath, cromán na gcearc agus éin chreiche a tugadh isteach arís agus cuir tús le gníomhartha bainistíochta eile de réir mar is gá	2017-2021	DCHG, GET, IGPCT, BWI, DAFM	1. Leibhéil daonra na speiceas sprice 2. Líon na ngníomhaíochtaí bainistíochta a cuireadh ar bun mar fhreagra ar threochtaí daonra
6.3.5. Bearnaí criticiúla a shainaithint agus a líonadh ina dhiaidh sin sna cláir caomhnaithe ex-situ do speicis fhiáine, i gcomhréir leis an dea-chleachtas	2017-2021	DAFM, DCHG, Páirc Fiadhúlra Fhóite, Páirc Fiadhúlra Tayto, Garraithe Náisiúnta na Lus, Zú Bhaile Átha Cliath, BWI	1. Líon na speiceas faoi bhagairt atá i gcaomhnú ex-situ



Neartú a dhéanamh ar an rialachas idirnáisiúnta maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais


Tá gá le cur chuige uile-Éireann chun an bithéagsúlacht a chsaint ar an oileán seo. Ní aithníonn an bithéagsúlacht teorainneach polaitiúla. Mar thoradh ar theorainn talún na hÉireann le Tuaisceart Éireann agus teorainn na mara lesi an Ríocht Aontaithe bíonn neart speiceas ag gluaiseacht idir an dá dhlíne. Tá plé agus comhoibriú suntasach Thuaidh/Theas ann cheana maidir le cúrsaí bithéagsúlachta agus samhlaítear go leanfar de sin, mar atá léirithe sna gníomhartha sa chaibidil seo agus sna caibidlí roimhe, lena n-áirítear chun dul i ngleic le coiriúlacht fiadhúlra agus chun tiomantais idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Chomh maith leis na gníomhartha atá leagtha amach thuas chun bithéagsúlacht a chaomhnú in Éirinn, tá ról domhanda le himirt freisin tríd an gclár um chúnamh thar lear trí na bealaí seo a leanas: laghdú ar an trádáil i speicis i mbaol; laghdú ar thrádáil i dtráchtearraí i gcásanna ina ndéanann an táirgeadh dochar do bithéagsúlacht; rannpháirtíocht na hÉireann i gcúrsaí tábhachtacha domhanda amhail athrú aeráide agus rochtain ar acmhainní ginéiteacha; agus gníomhú mar thacadóir don bithéagsúlacht i bhfóraim idirnáisiúnta.

Le Plean Straitéiseach don Bhithéagsúlacht 2011-2020 de chuid Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD), lena n-áirítear Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi, díriodh iarrachtaí idirnáisiúnta chun meath sa bithéagsúlacht dhomhanda a mhaolú. I gceathrú eagrán CBD den Léargas Bithéagsúlachta Domhanda (GB04) a foilsíodh in 2014 rinneadh achoimre ar na sonraí is déanaí maidir le stádas

agus treochtaí na bithéagsúlachta agus feidhmíonn sé mar mheasúnú lártearma de chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh agus a spriocanna. Tuairiscíonn sé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i dtreo roinnt comhchodanna d'fhormhór na spriocanna seo a shásamh¹. Mar sin féin, i bhformhór na gcásanna ní bheidh an dul chun cinn imleor chun na spriocanna atá leagtha amach do 2020 a shroicheadh agus tá gá le gníomh breise chun an Plean Straitéiseach don Bhithéagsúlacht 2011-2020 a choinneáil ar chúrsa¹.

Ón taobh domhanda de, áiríonn na príomhbhrúnna ar bithéagsúlacht na nithe seo: caillteanas, díghrádú agus ilroinnt ar ghnáthóga nádúrtha; róshaothrú ar acmhainní bithéolaíochta; truailliú; tionchair speiceas coimhthíoch ionrach ar éiceachórais agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad do dhaoine; agus athrú aeráide agus aigéadú na n-aigéan¹. Tá roinnt éiceachóras á mbrú i dtreo tairseach criticiúil nó pointí claochlaithe. Má ghabhtar thar na dtairseach



7

CUSPÓIR

seo, tá fíor-riosca ann go mbeidh caillteanas ollmhór bithéagsúlachta anna agus díghrádú ar raon leathan de sheirbhísí ar a bhfuil daoine ag brath dá slite beatha agus dá bhfolláine.

Trína Chlár um Chúnamh Forbartha Thar Lear, á riar ag Irish Aid, tá deis ag Éirinn leathnú ar scóip a gníomhaíochtaí chun glacadh le caomhnú bithéagsúlachta agus, ar an gcaoi sin, buntáiste a ghlacadh as an bonn scileanna sna heolaíochtaí beatha atá ag Éirinn.

Tá roinnt coinbhinsiún, conarthaí, prótacal agus comhaontuithe idirnáisiúnta sínithe agus daingnithe ag Éirinn a fhéachann le freagra agus cur chuige domhanda a sholáthar i dtaca le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chosaint lena n-áirítear: an CBD, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Thrádáil Idirnáisiúnta Speiceas i mBaol (CITES), Coinbhinsiún Bonn (ar chaomhnú de speicis imirceacha d'ainmhithe fhiáine) (CMS), an Straitéis Dhomhanda um Chaomhnú Plandaí (GSPC), Coinbhinsiún OSPAR (Atlantach Thuaidh Thoir), Coinbhinsiún Idirnáisiúnta do Rialú ar sheilg míolta móra, agus Coinbhinsiún RAMSAR (ar bhogach). Tá Éire freisin ina ball den Ardán Idir-rialtasach ar Bhithéagsúlacht agus Seirbhísí Éiceachórais (IPBES), ina páirtí le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide agus tá glactha aici leis na hAidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG). Dá sásófaí Spriocanna Bithéagsúlacht Aichi bheifí ag cuidiú go suntasach le tosaíochtaí domhanda níos leithne a ndéantar déileáil leo sa chlár oibre forbartha iar-2015, eadhon, ocras agus bochtanas a laghdú, sláinte an duine a fheabhsú; agus soláthar inbhuanaithe d'fhuinneamh, bia agus uisce glan a chinntiú. Athdhearbhaíonn na SDGanna tábhacht na bithéagsúlachta d'fholláine an duine agus baineann siad go cothrom le tíortha forbartha, amhail Éire, agus tíortha neamhfhorbartha.

Spriocanna Aichi a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe a gcuidíonn na gníomhartha seo linn iad a bhaint amach:



Adharc srónbheannaigh a urghabhadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Cuspóir 7

Neartú a dhéanamh ar an rialachas idirnáisiúnta maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais

SPRIOC 7.1:

TACAÍOCHT NEARTAITHE DON BHITHÉAGSÚLACHT AGUS SEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS I GCABHAIR SHEACHTRACH

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
7.1.1. Déanfar comhpháirt de chlár comhoibrithe forbartha na hÉireann den bithéagsúlacht; agus déanfaidh tacaíocht do, agus comhoibriú le, tíortha atá ag forbairt, éagsúlacht bithéolaíochta a chur san áireamh trí fheidhmiú an CBD	2017-2021	DFAT	1. Suim leithdháilte ar chomhpháirteanna bithéagsúlachta agus deontais Irish Aid a bhaineann go saineúil leis an mbithéagsúlacht

SPRIOC 7.2:

TUILLADH A CHUR LE RIALACHAS IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE BITHÉAGSÚLACHT AGUS SEIRBHÍSÍ ÉICEACHÓRAIS

Gníomh	Fráma Ama	Ceannairí/Príomh-chomhpháirtithe	Táscairí feidhmíochta
